

CUISTLE



£1.90

Wine and Slumber
in France

Matt Molloy ag Féile 2000

STREACHTAÍOCHT NA GÁIDARAIS

INTO — 'Linguistic Cleansing'?

Oileán Thoraí • Nioclás Tóibín • TG4
Mac@nas • Ray Gravel • Billy Roche



Seachtain in Aisce sa bhFrainc!



To celebrate its first birthday, *Cuisle* is offering a week for four in France to its subscribers.

If you haven't subscribed yet, send us £25 for the next 11 issues of *Cuisle*, postage included. You might be the lucky winner of our holiday - bon voyage!

Tá *Cuisle* bliain ar an saol, agus ós ag ceiliúradh atá muid, tá deis ag ár gcuid síntiúsóirí duais bhreá a bhuachaint - saoire seachtaine sa bhFrainc do cheathrar!

Muna bhfuil síntiús agat fós, cuir seic £25 chugainn. Déanfar an tarraingt mí na Samhna, agus foilseofar ainm an bhuaiteora in eagrán na Nollag - bronntanas den scoth!

Le Manoir de Kereyet

Saoire sa Manoir de Kereyet i gceartlár na Briotáine atá *Cuisle* a thairiscint dá chuid síntiúsóirí. Turas gearr ó Roscoff nó ó St Malo go baile beag Charnoet, agus beidh tú i dtír eile ar fad, tír faoi choill, tír faoi ghrian, tír faoi shuaimhneas.

Tógadh an Manoir de Kereyet sa seachtú haois déag, agus tá lorg na saor ar na gloch eibhir agus ar an tseandair álainn ann. Tá na deiseanna nua ar fad sa Manoir freisin, agus beidh sócúlacht agus compord agat ann.

Tá rothair ar fáil, má bhualann fonn aclaíochta tú, agus bíonn *ambiance* na háite lá margaidh i Morlaix, Guingamp.

Más suim leat an Bhriotáinis a chloisteáil - agus Fraincis -, is é Callac maidin Dé Céadaoin an áit is fearr, agus san oíche, más dúil sa mbraon is baol, tá teach ósta *Les Fous* i bhfoisceacht trí nóiméad siúil uait.

Bí i do shíntiúsóir le *Cuisle*, agus lig fút sa Manoir de Kereyet ar feadh seachtaine.



MAIDIR LEIS AN DUAIS

Íocfar costaisí taistil mar seo a leanas: carr agus ar a mhéid ceathrar paisnéirí ó chalafort in Éirinn go chalafort sa mBriotáin agus ar ais. Beidh tréimhse seachtaine le caitheamh ag ceathrar ar a mhéid sa Manoir de Kereyet idir Iár na Márta agus deireadh Aibreáin. Braitheann na dátaí ar sheoladh na mbád.

YOUR PRIZE:

Travel costs as follows: return passage of one car and four passengers maximum from an Irish port to a Breton port. A week's holiday for four people maximum at the Manoir de Kereyet between mid-March and the end of April. Actual dates depend on sailings.

Win a week
for Four
in France!

Wine and Slumber

Forty five minutes from Roscoff, and 90 from St Malo, the village of Carnoet nestles in the heart of Brittany. From Carnoet, it's an easy drive to Morlaix and Lorient, and to the chapels, dolmens, woods and waterways of Kreiz Breizh - le coeur de la Bretagne.

During your holiday, you'll stay at the Manoir de Kereyet, a seventeenth century home with original oakbeams, ornate granite doorways, and modern heating and comfort. Bikes are available, and from the untamed woods beyond your bedroom window, deer and foraging boar may appear. The area is renowned for its musical heritage, and five minutes walk from the Manoir, Breton - and French - can be heard in Les Fous, the local pub.

So subscribe to *Cuisle*: we look forward to welcoming you in Le Manoir de Kereyet, 22 160 Carnoet, An Fhrainc.



CUISLE

Subscribe to *Cuisle* • Bí i do Shíntiúsóir

Ainm / name

Sloinne / surname

Seoladh / address

Teil / tel


Ríomhphost / email

Síniú / signature

Dáta / date

RÁTAÍ (postas san áireamh): Éire agus an Bhreatain £25
Mór-Roinn na hEorpa 40 euro* An chuid eile den domhan US \$80*

*nó a chomhionann in airgead na tíre



CUISLE

An tEastát Tionsclaíochta,
Casla,
Co na Gaillimhe
Teil: 091 572077
Facs: 091 572076
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

Eagarthóir:
Diarmuid Johnson

Riarthóir:
Mary Ellen Ní Chualáin


Bainisteoir Fógraíochta:
Veronica Ní Ghríofa

Dearadh:
Caomhán Ó Scolaí
091 572008

Clóchur:
Kilkenny People

Grianghraf clúdaigh:
Aengus McMahon/Gael-Ócáidí

Scríbhneoirí:
Richie Byrne, John Hughes,
Diarmuid Johnson, Clare Ní
Shúilleabháin, Trevor Ó
Clochartaigh, Éamonn Ó Bróithe,
Tim Robinson, Seosamh Mac
Muirí, Des Johnson, Garry Mac
Donncha, Ray Gravel, Caitlín Uí
Anluain.



Arna fhoilsiú ag
Foilseacháin an Phobail Teo,
Casla, Co na Gaillimhe.

San eagrán seo



FÉILE 2000

Is é Matt Molloy fear
gradaim TG4 1999.
Seinnfidh sé ag FÉILE 2000
i nGaillimh. Súil ar na
himeachtaí le **Trevor
Ó Clochartaigh** 23-31



EADRAINN

An Curaclam Nua Bunscoile
le **Richie Byrne;**
INTO: 'linguistic cleansing'
Comórtas Ealaíne an
Oireachtais le **John
Hughes;**
Dordán, Tríona agus
Maighread 4-6



At sea? Read our English
summaries and sidebars on
pages 8, 13, 14, 27, and
wherever you find this
symbol.



ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Eagarfhocal;
'What's a nice guy like
me doin' here?' arsa
Pádraig Ó hAoláin;
An Reachtaíocht Nua;
The George Soros
Foundation le
Diarmuid Johnson 8-13



OILEÁN THORAÍ:

TUILE TAR ÉIS NA TRÁ
Sheol **Clare Ní
Shúilleabháin** go Toraigh,
d'airigh sí misneach na
ndaoine ann, agus bhí
chicken salad aici. 14



FÓMHAR TG4

Tá *Ros na Rún* agus
Gleann Ceo ar ais,
Teletubbies, Olé Olé
agus Mad Dog Coll,
agus Aon Seans Ort? 18



Nioclás Tóibín

Seolfar CD d'amhráin
Niocláis Tóibín ag
Oireachtas na nDéise.
Léargas le **hÉamonn
Ó Bróithe** ar shaol agus
ar shaoithiúlacht an
amhránaí mhóir. 32



An Corn Rugbaí
'Éire v An Fhrainc
sa gcluiche ceathrú-
cheannais', arsa **Garry
Mac Donncha** 39



AN FHUINNEOG

Come back to Trá an Dóilín:
GM foods, yes and no;
Mac@nas - **Seosamh Mac
Muirí's** new series on
surnames; Remember 'Fiche
Bliain ag Fás?'; Win 3 CDs.



AN CHLÚID

'Éide Scoile — Maith nó
Olc?'
Faigheann Máirín leabhar
Béarla sa leabharlann
T-léinte, T-léinte, T-léinte!

Chomh maith le:

- Des Johnson
- Antaine Ó Faracháin
- Saoire sa bhFrainc — an
bhfuil do shintíús agat?

DEIS FREAGARtha

Is é polasaí na hirise seo deis freagartha a thabhairt do gach duine nó do gach eagraíocht a éilíonn sin, má tá siad míshásta faoin méid a scríobhadh fúthu i gCuisle. Téigh i dteagmháil leis an Eagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe, nó cuir ríomhphost chuig cuisle@tinet.ie faoin scéal.

CUISLE AR AN IDIRLÍON

<http://homepage.tinet.ie/~cuisle1>

'Dhá Chupán Caifé, le do thoil'

TÁ SÚIL ag GAEL-LINN caifé nua a oscailt ar Shráid Dason, Baile Átha Cliath go luath. Trí D an t-ainm a bheas air. Deir Nicola Nic Pháidín, bainisteoir Trí D, gur foireann dhátheangach a bheas ag obair ann. Beidh Trí D i bhfoisceacht cúpla nóiméad de Fhaiche Stiabhna, agus é cóngarach don choláiste.

Réalta 2000

CUM AMHRÁN rithimiúil nua Gaeilge agus seol ar chaiséad é chuig RnaG roimh an 29ú Deireadh Fómhair – tá duais £3000 le roinnt ar an gcumadóir agus an amhránaí. Eiseoidh RnaG deich n-amhrán ar dhlúthdhiosca i gcomhar le CEL (RTÉ).

Díomá ar an mBord

ÁBHÁR DÍOMÁ do Bhord na Gaeilge nach bhfuil ach méadú íseal (£150,000, rud is ionann agus .39%) le cur ar mhaoiniú na n-ealaíon Gaeilge faoin mbliain 2000. Sin ainneoin méadú £10 milliún, 26.3%, ar bhuiséad na Comhairle Ealaíon. Tá plean na Comhairle Ealaíon 'an-doiléir' maidir leis na healaíona Gaeilge, dar leis an mBord, agus ní léir air mar phlean gur tugadh aird ar 'mholtaí fiúntacha' a chuir ealaíontóirí Gaeilge faoi bhráid na Comhairle.

Seoda ár Sinsear

Eddie Bheairtle Ó Conghaile
Cló Iar-Chonnacht

SCÉALTA a fáisceadh as traidisiún béaloideas Charna atá sa leabhar beag slachtmhar, soléite seo d'óg agus aosta. Is é Eddie Bheairtle Ó Conghaile fear a n-inste, agus is sa mbaile san Aird Thiar a chuala sé iad. Taitneoidh 'Scéal an Ghadaí Mhaith' le clann lucht baince seans, agus beidh suim ag múinteoirí i 'Mar a Fuair an Duine an Teanga'. Leabhar a léifeá leis na páistí a chur a chodladh san oíche.

Celtic Twilight



Cuisle listened to two recent releases featuring several respected and mature performers. Both productions rank among the least compelling of their careers, and represent a growing lack of substance in the mediatised turn-of-the-millennium world of the arts.



Celtic Aire
Dordán, Narada a d'eisigh

MARY O'HARA nó Bunratty a chuirfeadh clúdach an cheirnín nua seo le Dordán i gcuimhne do dhuine. 'Celtic Aire' is ainm dó. Ainm *fin de siècle* cinnte: tá cuid den chultúr Gaelach ag dul i gcosúlacht leis na *drawing-room parties* as ar fáisceadh gluaiseacht na hathbheochana céad bliain ó shin.


Tá Dordán ag seinm dúinn le naoi mbliana. Ceirnín *niche* a bhí sa gcéad cheirnín uathu, *baroque* agus traidisiúnta. Níor dhúradh go poiblí go raibh an titim idir dhá stól ann. Lean Dordán ag treabhadh na hiomaire gur eisigh 'Port na Gealaí', an ceol fós ag brath go mór ar chumas, taithí agus cáil Mhary Bergin.

Concept album tráthach a bhí sa gcéad dord eile 'A Celtic Christmas'. Chuir siad glór le feadóg, cláirseach agus veidhlín sa gceann sin. Bhí mílseacht ag teacht sa veidhleadóir-eacht. Bhí caint ar chomhlacht Meiriceánach, spéis acu sa ngrúpa. Is é 'Celtic Aire' toradh na spéise sin.

Tá píosa le hÓ Cearrbhalláin ar Celtic Aire. Sir Arthur Shaen. Seo ceann den bheagán píosaí leis nach bhfuil tionchar na hiasachta air. Is cosúla le

ceol na seanchruitirí é ná le Mr O'Connor nó an Concerto, stíl *stacatto* ann. Tá *syncopation* déanta ag Dordán air! *Jamming* sa stiúideo.

Céard a cheapadh muid de 'Celtic Aire' murach meas a bheith againn ar Dhordán de bharr a ndearna siad go dtí seo? Da mba é seo an chéad cheirnín acu? An mbeadh Mary Robinson agus Mitterand á n-iarraidh? Cén cineál ceoil atá i gceist leis an 'Celtic Aire'? Eistigí leis na drumaí ar Chóilín Phádraig Shéamais. An bhfuil siad go maith? 'Celtic', 'traidisiúnta', 'baroque', 'folk', 'world'? Ní mór a bheith cúramach.



**Idir an Dá Sholas/
Between the Two Lights**
Maighread & Tríona Ní Dhomhnaill with Dónal Lunny

'TWILIGHT' is ciall le idir dhá sholas agus d'fhéadfai dhá léirmheas a scríobh faoin gceirnín seo. Seo sliocht as an gcéad cheann:

'Nach méanar don saol Gaelach Maighread agus Tríona Ní Dhomhnaill a bheith i mbun ceoil le chéile, agus lúb á chur acu le slabhra fada atá á gceangal leis an mBothy Band, Skara Brae, agus dúchas saibhir Thír Chonaill. Cóiríú na linne curtha ag Dónal Lunny ar

chuid de sheoda an traidisiúin – 'Dónal Óg', 'Pill, Pill, a Rún' agus 'Níl sé ina Lá'. Is binn, snoite a chuireann an bheirt deirfiúr a nglór cinn le chéile, agus is cruinn, sothuigte gach siolla dá dtagann as a mbéil. Tuiscint agus taithí na mblianta le brath ar an amhránaíocht. Bheadh Maggie Chonaill bródúil astu'.

Seo sliocht as an dara léirmheas:

Léiriú atá san albam seo ar a laghad amhrán atá á gcumadh ar an saol sin. Léiriú ar a laghad foráis atá ar an gcumadóireacht. Léiriú ar a laghad atá le rá, i mBéarla nó i nGaeilge, ag an gceol traidisiúnta agus ag *folk music* faoi shaol agus faoi chursaí na linne. Ní leor cleasa glíce an stiúideo a chur i bhfeidhm ar sheancheol le fiúntas a chur ann. Is é Dónal Lunny a léirigh *Idir an Dá Sholas*, agus ní hábhar buíochais ag Maighread Ní Dhomhnaill dó é. Cuireann sí glór le *The Banks of Claudy* (treaic a 4) agus Foireann an Bháid (treaic a 9) nach bhfeileann don stíl a bhíonn aici. Fágat ar snag sin agus an nós faoi Ella Fitzgerald, Nana Mouskouri nó Katell Keineg, mná a chleacht riamh é. Níl bláth ar bith ar cheol Thríona ar *Idir an Dá Sholas* ach oiread. Ceol speisiúil, fuinniúil atá ag Tríona, ach tá sé sin faoi chois ar an albam seo. 'Níl sé ina Lá' (treaic 6), bheadh súil agat leis ag Slogadh – cé a lig isteach an phís uillinn? *Folky seventies timewarp* atá in *Idir an Dá Sholas*.

Bíonn dhá leagan ar léirmheas, agus trí leagan déag ar amhrán.

INTO: 'linguistic cleansing'?

IN EAGRÁN Mheán Fómhair de *In Touch*, iris an INTO, tá litir le Brian Patterson, Co an Dúin faoin easpa Gaeilge san iris. Deir Brian:

"As an Irish language enthusiast, I am becoming increasingly disillusioned with the attitude of the INTO towards the Irish language. While INTO members in the North struggled for decades to obtain official recognition for Gaelscoileanna the leadership south of the border seems to regard the language as an embarrassment.



An Múinteoir Náisiúnta and *Tuarascáil* were purged to be replaced by the glib and trendy *In Touch* which does not even have an Irish subtitle. I recently phoned Club na Múinteoirí to be informed that I was speaking to the "Teachers' Club".

Club na Múinteoirí

I await eagerly the removal of the 'Club na Múinteoirí' sign from outside the premises in Parnell Square. The process of linguistic cleansing should then be considered complete."

Nach tráthach, agus súil le cothromaíocht ag Gaeilgeoirí Uladh, dream ar séanadh a gcearta orthu ar feadh i bhfad, gurb é rialtas an tsaorstáit atá á séanadh orthu anois!



An Curaclam Nua



The Government has just published the first revised and updated Primary School Syllabus in almost thirty years.

Education correspondent Richie Byrne sets out the document's main lines with particular reference to Irish.

TA CURACLAM Bunscolaíochta na tíre athraithe ag an Roinn Oideachais don chéad uair le beagnach tríocha bliain. Faoi cheann cúpla seachtain, reachtálar straih cursaí do mhúinteoirí, agus ní fada go mbeidh an toradh le feiceáil sna seomraí ranga. Beidh níos mó béime ar na hábhair theicniúla agus eolaíochta, agus ar na seiceanna sóisialta.

Is aidhm don churaclam nua an Ghaeilge a mhúineadh mar ghnáth-theanga bheo, chumarsáide. Tréimhse reamhchumarsáide a thugann an curaclam ar an gcead thréimhse i bhfoghlaim na Gaeilge, tréimhse le stór focal agus gramadach a fhoghlaim. Tréimhse chumarsáide an dara tréimhse, agus lena linn sin beidh rudaí le cur i gcrích, fadhbanna le réiteach agus agallaimh le déanamh trí mheán na Gaeilge ag na daltaí. Ina dhiaidh sin, is tréimhse 'larchumarsáide' i gceist — anailis ar úsáid na teanga.

Beidh béim ar an ngnáth-chaint i dteagasc na Gaeilge de réir an

churaclam nua, caint is féidir leis an dalta a úsáid i rith an lae. Is lú béim a bheas ar an scríbhneoireacht agus ar an léitheoireacht ná a bhíodh, i gcás na bpaistí oga ar aon nós. Bainfear breis úsáide as an drámaíocht agus as 'róghlacadh' chomh maith le hábhar taifeadta, raidió, teilifís, (agus ar ndóigh An Chluid, rannóg na bpaistí san iris seo).

Alt gearr agus é a scríobh go minic an meon atá sa gcuraclam nua i leith na scríbhneoireachta — cin lae, mar shampla. Tá trácht sa gcuraclam ar an idirdhealú idir tuairisc, cur síos, feidhm agus cruithaitheacht na scríbhneoireachta. Dar ndóigh, luaitear an ríomhaire sa gcáipéis, cluichí agus scinneadh ar an idirlíon.

Molann an curaclam nua go mbeadh níos mó den mheasúnú rialta ann. Luaitear trí chineál measúnaithe: foirmitheach, diagnósach agus suimitheach. Rud leanúnach atá sa measúnú foirmitheach a thugann léargas ar dhul chun cinn


an pháiste, measúnú diagnósach a dhéantar ar pháiste a bhfuil moill ar a chuid foghlama; déantar an measúnú suimitheach tar éis na hoibre.

Seo liad príomh-aidhmeanna an Churaclaim Ghaeilge:

- Úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide a chur chun cinn.
- Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a chothú chomh maith le spéis agus díúil inti.
- Taitneamh a bhaint as foghlaim na Gaeilge.
- Cumas éisteachta agus labhartha an pháiste a chothú agus muintir a chur ann faoi úsáid na Gaeilge.
- Cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste a chothú ag leibhéal a oireann do féin agus don chineál scoile a bhfuil sé ann.
- Éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite.
- Eolas ar an teanga agus ar an gcultúr a chothú.

The Menapia Men

IS IAD Billy Roche agus Pierce Turner na Menapia Men, beirt as Loch Garman a chuir ábhar seó ar ardán an mhí seo caite. Sleachta as drámaí a thug Billy uaidh, agus as úrscéal leis, *Tumbling Down*, léargas ar Loch Garman à la Dylan Thomas-Humphrey Bogart. Chas Pierce Turner a



Billy Roche

chuid amhrán féin faoin saol ina bhaile dúchais: "I'm tellin' ya, I'm not coddin', It was brilliant."

Buaic na hoíche an uair a thit Turner a chodladh ar an urlár.

"Descriptions and dreams of their native town" arsa an bhilleog eolais. £9 ar an bpríbhleáid. Sampla maith de shaor-ealaín na linne.

Cá bhfuil Taispeántas Ealaíne an Oireachtais?



Open submission art exhibitions provide an excellent opportunity for the general public to get an overview of contemporary art. There is a recognised lack of such shows in Ireland. The annual Oireachtas art exhibition could help to fill this gap. Artist John Hughes investigates.

NÍ BHEIDH Taispeántas Ealaíne an Oireachtais ar siúl i mbliana don chéad uair ó bunaíodh é i 1941. Taispeántas oscailte is ea é a thug deis don phobal saothair ealaíontóirí comhaimseartha a fheiceáil.

Gach bliain, ceapann Coiste Náisiúnta an Oireachtais fochoiste chun an taispeántas a phleanáil. Éacht atá deanta ag na fochoisti deonacha seo. Ach is eisceacht é an taispeántas ar chlar an Oireachtais sa mhéid gur daoine gan Ghaeilge is mó a ghlacann páirt ann.

I dtaispeántas ealaíne an Oireachtais i 1972 sa leabharlann i gColáiste na Tríonóide chuir an chomhlint idir peintéireacht thraidisiúnta ola agus na *conceptual installations* le beocht an taispeántais. D'ingh an bhri agus an gus as ó shin.

Meastar fiúntas agus gradam comórtais ealaíne de réir chéadchodán na n-iarrachtaí a roghnaítear don taispeántas. Dá isle an céadchodán iarrachtaí sa taispeántas is ea is déine an comórtas agus is airde meas ar an gcomórtas. 42% de na hiarrachtaí i gComórtas an Oireachtais a cuireadh ar taispeántas le blianta beaga. Seo a leanas an céadchodán iarrachtaí a cuireadh ar taispeánt i gcomórtais eile: EV + A 10%, R.H.A 20%, IONTAS 21%.

Níl an iomaíocht chomh gearr i gcás an Oireachtais toisc gan an speis chéanna ag na healaíontóirí ann.

'Very disappointed with the entries'

Bhí an t-ealaíontóir Helen Comerford ar choiste na roghnaitheoirí i 1996 agus scríobh sí litir chuig *Arts Bulletin*, iris na n-ealaíontóirí: "I have been very disappointed with the entries both quantitatively and qualitatively."

Scríobh an t-ealaíontóir Samuel Walsh litir chuig *Art Bulletin* freisin faoi Chomórtas Ealaíne an Oireachtais: "It does not have national drop off points, does not produce proper catalogues with illustrations of artists' works, does not announce selectors prior to selection; it only runs for 16 days."

Taispeántas Bhaile Átha Cliath atá i gComórtas Ealaíne an Oireachtais. Bíonn ar na healaíontóirí taisteal go Baile Átha Cliath chun a saothair a chur isteach air. I gcás IONTAS agus EV + A, bíonn *drop off points* acu ar fud na tíre.

I mbliana bhronn an Chomhairle Ealaíon deontas £105,000 ar EV + A (Luimneach) agus £17,000 ar IONTAS (Sligeach). Deir Liam Ó Maolaodha, stiúrthóir an Oireachtais nach bhfuil "aon deontas faoi leith ag Coiste Náisiúnta an Oireachtais don taispeántas agus dá bhri sin bíonn oráinn urraíocht agus tacaíocht breise a lorg. Tá roinnt den duaischiste urraithe ag comhlachtaí eagsúla ach ní leor é. Bheadh buiséad de thart ar £6 - 7,000 le caitheamh againn ar an dTaispeántas Ealaíne."

'Oireachtas has fallen below the current standard of organisation'

Tá an buiséad sin i bhfad ró-íseal. "It

is quite clear that in comparison to other open submission shows the Oireachtas has fallen below the current standard of organisation. Part of the reason for this has to be attributed to its level of funding in comparison to other similar exhibitions. The reduction of its Arts Council grant over the last few years cannot have helped. The Oireachtas is seriously underfunded with only £1,500 in grants." (*Art Bulletin* 1997)

Cé go bhfuil borradh beag faoi chúrsaí fisealaíne san ardchathair faoi láthair, is beag deis a bhíonn ag ealaíontóirí a saothair a thaispeáint lasmuigh de na *galleries* próbhaídeacha. Is iad an tOireachtas agus an RHA an t-aon dá thaispeántas oscailte i mBaile Átha Cliath. Fágadh bearna mhór i bhfeilire na fisealaíne nuair a tháinig deireadh leis na taispeántais Independent Artists agus Living Art sna 80dí.



Deir Helen Comerford: "As this is one of the last two open entry exhibitions left in Dublin I strongly feel that every possible effort should be made to support it, particularly as a much needed forum for less established artists."

Ba chóir do choiste stiúrtha an taispeántais dul i dtéangbháil leis an Artists' Association chun moltaí agus tuairimí a fháil. Caithfear plean athnuachana agus aththreoirithe a chur le chéile do Chomórtas Ealaíne an Oireachtais sular féidir deontas sasúil a fháil ón Chomhairle Ealaíne. Mura dtéar i ngleic leis an easpa stádaís atá ag an taispeántas faoi láthair, is cinnte go rachaidh sé i léig. Tá súil an taispeántas a reachtáil arís faoi Mhárta 2000.



Litreacha chuig an Eagarthóir

Beidh fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge, i mBéarla, nó i dteangacha eile. Seol do litir chuig: An tEagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe. Ríomhphost: cuisle@tinet.ie



"AIMSIR BHREÁ LEIS AN BHFÓMHAR A CHUR ISTEACH."

Bás na Créafóige

Markus Würsthorn
Lórrach
An Ghearmáin

A *Eagarthóir*, a chara, Comhghairdeachas leat faoin alt den scoth a scríobh tú faoi 'Bhás na Créafóige' (*Cuisle* Iúil-Lúnasa). Chuir tú bás agus fás na créafóige i gcoimhthéacs níos leithne ná is iondúil. Seans gur alt stairiúil a bheas ann de bharr gur fearr é ná rud ar bith a scríobhadh faoin ábhar go dtí seo i nGaeilge. Chuir tú saibhreas na Gaeilge i bhfeidhm ar fhadhbanna casta éiceolaíochta agus eacnamaíochta na linne.

Miondearmad a fheicim san alt, baineann sé leis an *Man of Aran* áit a ndéantar smúsach de charraig le hord. Tagann sin go deas leis an smaoineamh nach bhfuil sa stócáil — *soilbuilding* — ach crácamas agus sclábhaíocht. Tá sé níos éasca áfach gaineamh a úsáid ná clocha. De réir Tim Robinson is seó gaisce agus drámaíocht a bhí i mbriseadh na carraige sa *Man*

of *Aran*. Chuala mise ó Dhara Beag Ó Fatharta agus ó Mháirtín Ó Mhaolchiaráin go n-úsáididís gaineamh agus feamainn, rud atá luaithe sna leabhra. Cinnte baintí úsáid as smúsach cloch chomh maith. B'fhéidir gur lú mianraí atá sa ngaineamh, iad imithe le sruth na taoille.

Pé scéal é, is fíor duit gurbh éasca stócáil a dhéanamh leis an inneallra atá ann sa lá atá inniu ann. Má d'éirigh leis na seandaoine é a dhéanamh, cén fáth nach ndéanfadh muide é?

"There are no panda bears in the soil" (David Pimentel) agus an phéist talúna, níl sí *sexy, spectacular* ná *cuddly* mar a deir tú. Ach tá grianghrafadóir Gearmáineach den scoth, Horst Stern, ina chónaí in Éirinn anois, fear mór na scannán nádúir. B'fhéidir go mbeadh seisean násta pictiúir na péiste a mhéadú, ollphéist a dhéanamh di, grianghrafanna den *sex-life* aisteach a thógáil, agus an saol rúnda faoinar gcosa a thaispeáint. Cuir sin ar TG4 agus tá súil eile agat.

Slán agus beannacht srl.



Colúir i gCarcair

Daithí Adams
Long Kesh
Lisburn
Co Antrim

A chara, Faighim Cuisle go rialta. Iris den scoth í mar is eol duit! Níl mé féin ach ag foghlaim na Gaeilge, agus tá mé iontach lag fós, go háirithe ó thaobh na scríbhneoireachta de. Níor scríobh mé a dhath i nGaeilge fós ach tá scéal agam daoibh faoi na colúir anseo sna blocanna H.

Tá achan saghas colúir anseo againn le tamailt: colúir

frithlinge, *Tipplers* agus *Rooks*, cuid acu ildaite. Deirtear go raibh teach colúr ag na dílseoirí sa tseanchuid den Cheis Fhada fadó, ach d'imigh siad mar ní raibh duine ar bith lena gothú.

Measaim go bhfuil breis agus caoga díobh ann anois. Tá achan rud liath anseo, an sreang, na sconsaí agus na bríci. Ach ó tháinig na colúir ar ais, tá rudaí níos gile anseo.

Slán ó na blocanna H



Ceist d'Uinsionn

Pádraig Ó Mathúna
Baile an Teampaill
Dún Chaoin
Trá Lí
Co Chiarraí

A chara, I dtaobh litir ó Aodán Ó Laoire fé Bhréantrá (*Cuisle* Meán Fómhair), seo clúdach a chuireas san phost chuig an áit chéanna a léiríonn staid oideachais an phoist*.

Thaitin liom alt Uinsinn Mhic Dhubhghaill fé dhéantóirí treallaimh chogaidh. Creidim go ritheann san i gcoinne neodracht na tíre — nó an chuid den tír ina bhfuilimid.

An bhfuil baint ag Opus Dei le Timoney? Nó an ball de Timoney féin? Más fíor, cad fén gCríostaíocht? Ceist ar Uinsionn.

Beir bua srl.

*Tháinig an clúdach ar ais chuig Pádraig. 'Not Bantry, try Union Hall' scríofa air (eag).

De réir Bhunreacht Stáit Aontaithe Mheiriceá, Leasú II, "A well regulated militia being necessary to the security of a free State, the right of the people to keep and bear arms shall not be abridged": cé chomh fóna 's atá an meon seo sa lá atá inniu ann? Seo cíoradh na ceiste le Des Johnson.

Galar an Ghunna

TUAIRIM IS DHÁ CHÉAD milliún gunna atá i Meiriceá gan airm na bhfórsaí slándála a chur san áireamh. Chuile lá, faigheann naonúr óganach bás de thoradh lámhaigh is gortaítear a cheithre oiread sin. I 1996, dúnmharaíodh beagnach 20,000 duine agus is le gunnaí a maraíodh os cionn a leath. Breis is 30,000 féinnmharú a tharla i 1996 agus gunnaí a úsáideadh i níos mó ná leath na gcásanna.

Má tá an scéal chomh soiléir sin, 'tuige nár leigheasadh é? Tá an tír scoilte ag an gceist. Cuid de na daoine, maíonn siad go leigheasfadh tuilleadh gunnaí an scéal. Ina measc siúd tá leithéid na mná a dúirt: "Ní ceart 'Floozyes with Uzis' a thabhairt orainne. Gnáthdhaoine sinne a bhfuil eagla orainn is a bhfuil sé de cheart againn sinn féin a chosaint." Eagla den saghas sin a chothaíonn an cultúr marfach. Ina theannta sin, creideann daoine go mbeidh siad ar aon dul le James Bond má bhíonn gunna faoi cheilt acu. An dá chois eile faoin gcathaoir ar a bhfuil galar

"Murach cumhacht lárnach agus bunreacht láidir, d'fhéadfadh an chinedheighilt a bheith slán beo i gcuid de na Stáit"

an ghunna ná airgead agus tacaíocht bunreachta.

Deir Leasú II: "A well regulated militia being necessary to the security of a free State, the right of the people to keep and bear arms shall not be abridged." D'oir sin go maith don ochtú aois déag agus an cogadh le Sasana fós i mbéal an



Des Johnson

phobail. Bíodh is nach bhfuil daoine ar aon aigne faoi cé chomh hoiriúnach is atá Leasú II faoi láthair, tá tacaíocht láidir ann dó.

Tá amhras ar chuid den phobal ar an rialtas lárnach agus cothaíonn coimeádaigh sa rialtas céanna an t-amhras go soiniciúil.

I dtíortha eile, is polasaí liobrálach nó réabhlóideach é dílárnú na cumhachta. A mhalairt atá anseo toisc cuid de na stáit a bheith sár-choimeádach. Mar shampla, murach cumhacht lárnach agus bunreacht láidir, d'fhéadfadh an chinedheighilt a bheith slán beo i gcuid de na Stáit, gan trácht ar an staid ina mbeadh cearta pearsanta nó cúrsaí oideachais.

Tá go leor daoine a bhfuil gunnaí mar chuid den chreideamh acu - daoine a bhfuil scanradh orthu faoin Ord Nua Domhanda. Tá siad cinnte go bhfuil fórsa idirnáisiúnta cheana féin i Meiriceá atá ag ullmhú le tancanna bána is heilecaptair dhubha a úsáid leis na daoine a dhí-armáil is a chur faoi smacht na Náisiún Aontaithe. . . .

Ach ní daoine le Dia a bhformhór siúd a thugann tacaíocht do chultúr an ghunna. Daoine deasa macánta cuid mhaith díobh a bhíonn i mbun fiaigh nó a ghlacann páirt i gcomórtaisí lámhaigh. Cuid mhaith díobh, is baill den National Rifle Association (NRA) iad.

"Tíoránach a bhfuil ar aigne aige na daoine a chur faoi chois, an chéad rud a dheineann sé ná an pobal a dhí-armáil."

Faigheann an NRA a lán airgid ó lucht déanta gunnaí agus tugann an NRA airgead go flúirseach do pholaiteoirí a chuireann i gcoinne

dlíthe a mhaolódh ar chultúr an ghunna. Tá dhá sheol eile ag an NRA ar a long bolscaireachta. Ar thaobh amháin, deir siad: 'Tíoránach a bhfuil ar aigne aige na daoine a chur faoi chois, an chéad rud a dheineann sé ná an pobal a dhí-armáil.' Braitheann treise na bréige ar an méid fírinne atá ann. Ar an taobh eile, meallann an NRA daoine le miotas an ghunna

"Ceannaítear a lán gunnaí i Virginia a dhíoltar arís go mídhleathach i New York"

agus miotas an Wild West, miotas a thosaigh le Buffalo Bill agus ar chuir scannáin ar nós *Stagecoach* (John Ford) go mór leis.

Tá go leor moltaí á bplé le galar an ghunna a leigheas - gunnaí cliste nach bhfeidhmeoidh ach i lámh an úinéara; clárú daoine a cheannaíonn gunna; srian ar uimhir na ngunnaí is féidir le duine amháin a cheannach in aon mhí amháin. Tá an ceann deiridh sin á mholadh le stop a chur le dáileadh gunnaí in ainneoin an dlí. Mar shampla, tá dlíthe sách daingean ag stát New York faoi ghunnaí ach níl ag Virginia. Ceannaítear a lán gunnaí i Virginia a dhíoltar arís go mídhleathach i New York.

Os cionn dhá bhiliún dollar in aghaidh na bliana a chosnaíonn sé le cóir leighis a chur ar dhaoine a ghortaítear le gunnaí, gan trácht ar thubaiste an bháis. Tá os cionn fiche contae agus cathair tar éis an dlí a chur ar lucht déanta is lucht dáilte gunnaí. Foghlaimíodh an tactic sin ó na daoine a thug faoi lucht dáilte tabaic. D'éirigh go maith leosan. Seo chugainn ré nua sa bhfeachtas in aghaidh shlad an ghunna.

Cuisle, An tEasát Tionsclaíochta, Casla, Co na Gaillimhe.
 Teil: 091 572077. Facs: 091 572 076. Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

Cocaí Féir agus Fóidín Gortach



pic: Tom Moore

BEIDH TOGHCHÁIN Údarás na Gaeltachta ann an mhí seo chugainn, agus tiocfaidh reachtaíocht nua i bhfeidhm (painéal lch 11). Ní miste fiafraí más ea céard atá bainte amach ag seanreacht an Údaráis ó bunaíodh é i 1980. Obair a thabhairt chun na Gaeltachta, sin é ba chuspóir don Údarás. D'éirigh sin leo. Ach céard í an chéad chéim eile?

Tá Gaeltacht an rachmais ann anois agus an Ghaeltacht bhocht. Oiread monarchana in áiteacha agus a bhíodh de chocaí féir sa bhfómhar ann, agus an fóidín gortach in áiteacha eile. An féidir an rachmas a roinnt go cothrom? Sin í an cheist mhór. Is beag is féidir a dhéanamh ach áiteamh ar an Údarás í a fhreagairt le gníomh.

Ach b'fheidir nach fiú a bheith ag áiteamh. Munar féidir obair a thabhairt do na pobail bheaga, agus ó tharla obair ag na pobail mhóra, an bhfuil port an Údaráis seinnte? An gá dlíarnú nó athstruchtúrú? An Ardoifig a athlonnú? Scor?

Munar gá scor, is gá scaradh. Scaradh le cuid de nósanna an Údaráis. Nós an Bhéarla, cuir i gcás. Aistíl de chuid an Údaráis is ea líon na mBéarlóirí atá i mbun feidhme ann, bíodh sin in Ardoifig na bhForbacha, nó i measc lucht bainistíochta na gcomhlachtaí. Murach an Béarla sin, ní bheadh an tÚdarás ann. Murach an Béarla sin, ní bheadh jabanna mhuintir na Gaeltacha slán.

Maíonn Údarás na Gaeltachta go bhfuil forbairt shóisialta na Gaeltachta ar cheann dá chuid cúraimí. Ach cuid de na fadhbanna sóisialta atá ann, tá baint acu le polasaithe fostaíochta an Údaráis. De bharr athlarnú cumhachta in áiteacha sa nGaeltacht, mealladh daoine amach as a gceantair féin. Mealladh iad chuig áit nach raibh tithíocht ná lóistín sásúil. Ó fuair siad jab thoir, b'éigean dóibh cónaí i chalet nó teach saoire. Rud is measa, nuair is drochlóistín a bhí ag cuid de na hoibríthe, agus é daor, bhí scoth na suíomhanna á gcur ar fáil go saor d'fheidhmeannaigh an Údaráis. Cuid eile díobh, b'fhearr leo cur fúthu sa ngealchathair, áit nach bhfuil an coca féir, ná boladh ná móna.

Cé go bhfuil an daonlathas i seanreacht an Údaráis ó 1980 i leith, tá easpa daonlathais ann. Seans gur leigheas air sin a bheas sa reachtaíocht nua. Seans go gcuirfidh an reachtaíocht nua ar chumas mhuintir na Gaeltachta an t-údarás a tharraingt chucu féin. Ach nuair is crua an tslat le haois, is deacair a cur ina ceart.

Dependancy Cultures



The text in this section is extremely faint and largely illegible due to the high contrast and grain of the scan. It appears to be a multi-column article or report, possibly related to the 'Dependancy Cultures' header. The visible fragments of text are too small to transcribe accurately.

Is beag duine is eolaí ar Údarás na Gaeltachta ná Pádraig Ó hAoláin, an ceannaire eolais, fear na bhfíricí agus na bhfreagraí. Chuir *Cuisle* beagán aithne ar Phádraig, ar an bhfís atá aige, agus ar ghnéithe dá chuid oibre nach furasta dó titim isteach leo uaireanta.

“What’s doin’



“Chuille bhliain, deirim liom féin go bhfanfaidh mé bliain eile. Murach é sin ní fhéadfainn é a dhéanamh”

Cuisle: Cén uair a chuir tú fút sa nGaeltacht?

Pádraig: Faoi Cháisc 1970. Bhí mé díreach tar éis Coláiste Bhevedere i mBaile a fhágáil le dul ag obair le Gael Linn. Bhí Gaeltarra díreach tar éis aistriú ó shráid na bhFíníní i mBaile Itha Cliath go dtí na Forbacha. Agus athrú mór a bhí ansin, mar ó 1956-7 nuair a bunaíodh Gaeltarra is i Sráid na bhFíníní i mBaile Átha Cliath a bhí an ceannáras acu. Ansin mar chuid de

agus ag imeacht chuig an teach ar nós 's a bhíodh ag tarlú sna seanlaethanta. D'ardaíodís an laiste agus shiúlaidís isteach.

'An rud a bhí ag goilliúint orm faoin bpróiseas go raibh sé ag cur deireadh le cúl de na seanluachanna a raibh muid ann lena sábháil.'

Scríobh tú amhrán tamall de bhlianta ó shin, Cumha, a bhfuil léargas ann ar sheansaol na Gaeltachta:

Sílím go bhfuil. Agus feicim contrárthachtaí go leor idir an obair atá ar bun againn, próiseas na forbartha féin, mar is ionann é agus trucail atá ag gluaiseacht trí gharraí bláthanna ar bhealach. Agus caithfidh mé a rá gur rud é a bhí ag goilliúint go mór orm an uair sin, cé go raibh mé ag obair taobh istigh den chóras seo, duine a bhí lánpháirteach sa bpróiseas forbartha. B'ionann é agus *juggernaut* ar bhealach, nuair atá an próiseas

a nice guy like me around here?"

pholasáí dlíraithe rialtais na bliana sin, aistríodh é ón gceannáras sin agus bhí daoine nua á bhfostú, cuid den chrashchlár forbartha a bhí á chur i bhfeidhm acu.

Bhí go leor daoine nua ag teacht isteach sna monarchana, agus lena chois sin, bhí go leor d'obair na heagraíochta á dhéanamh trí Bhéarla. Go leor doiciméidí fiú ag leibhéal an Bhoird féin á scríobh i mBéarla, agus theastaigh uathu céimeanna a thógáil leis sin a athrú. Bhí fonn ormsa teacht go Gaillimh agus go Conamara. Fuair muid teach ar cíos thiar i gCladhach. Is ansin a bhí cónaí orainn ar feadh trí bliana. Fostaithe ag Gael Linn a bhí mé, ach bhí oifig agam i nGaeltarra Éireann sna Forbacha.

Céard a shíl tú den saol a bhí thiar i gCladhach an t-am sin?

Bhí mé faoi dhraíocht ag Cladhach. Gaeilge uileog uileog a bhí timpeall orainn. Bhíodh daoine ag teacht

'Tá togha na n-amhrán is togha na scéalta, Togha na cainte is fíorscoth an cheoil, Á ligeán i ndearmad anseo i measc na n-inneall, Is ag imeacht nós sneachta gan filleadh go brách.

Cloisim glór Phádraig Uí Aoláin ansin, agus nuair a fheicim thú ag obair leis an Údarás, dream atá ag ag tarraingt na monarchana chuig an áit, deirim go bhfuil an dá Phádraig ionat. Ach an Pádraig Óg a scríobh an t-amhrán, an bhfuil sé ann i gcónaí?

forbartha ag tarlú chomh sciobthaí agus chomh huileghabhálach i gceantair ar ceantair thuaithe iad go bunúsach. Ceantar nach bhfuil aon nósmaireachtaí cathrach ná urbacha ag baint leo. Eastáit tionsclaíochta á dtógáil ar fud na bhfud. Nuair a chuimhním tú nach raibh ach timpeall agus 10,000 troigh cearnach de spás monarchan ag Gaeltarra i dtús na seascaidí, agus faoi lár na seachtóidí go raibh sé sin imithe suas go dtí 100,000 méadar cearnach, agus suas go 200,000 méadar cearnach faoi dheireadh na n-ochtóidí. Bhí fostaíocht, rud a bhí fíor-riachtanach, á chur ar fáil do

Ceannáras an Údaráis sna Forbacha, Co. na Gaillimhe



chuid de mhuintir na Gaeltachta sa réimse thionsclaíoch. Ach formhór na ndaoine a bhí ag dul isteach sa réimse sin, ní raibh aon taithí acu ar an réimse sin. Bhí scataí móra de na daoine seo ag obair sna monarchana, ina seasamh ag binsí. De réir na rudaí seo ní bhíonn deis chainte ag daoine le chéile. Má bhíonn féin is faoi ghnaithí na monarchan é. Istigh sna háiteacha seo bhí togha an tseanchais agus togha na cainte á gcailleadh againn, agus is i ngan fhios do na daoine a bhí sé seo ag tarlú. Saol nua á chur i bhfeidhm ar an seansaol, agus is pósadh idir an sean agus an nua atá sa bpróiseas forbartha. Agus lagaíonn ceann amháin ceann eile. Agus is deacair do phobal atá lag, cuma cé chomh láidir 's atá an cúlra teanga atá acu, is deacair dóibh seasamh in aghaidh na bhfórsaí seo.

Is dóigh gurb shin paradacs a bhaineann le hÚdarás na Gaeltachta.

Is paradacs é a mhaireann beo i gcónaí. An t-aon difríocht atá anois ann go bhfuil pobal anois ann atá níos eolaí ar na cúrsaí seo, a bhfuil níos mó oideachais orthu. Suas go dtí deireadh na seascaidí, bhí an imirce fós ann go tréan. Suas go dtí deireadh na seachtóidí go deimhin. 'Níl tada anseo dúinn': chuala mé é sin ag duine i ndiaidh a chéile sna seachtóidí.

Murach an fhorbairt an imeodh an seanrud ar aon nós?

D'imeodh sé ar chúiseanna eile. Deich mbliana ina dhiaidh sin bhí

athrú meoin iomlán ann. Bhí daoine níos féinmhuiníní go bhféadfadh rudaí athrú ina gceantar féin agus go bhféadfadh baint a bheith acu féin leis sin.

"Is ábhar díomá é a laghad daoine ón nGaeltacht a thagann chun cinn nuair a fhógraítear folúntais"

Chuir Udarás na Gaeltachta obair ar fáil do mhuintir na Gaeltachta, ach níor fhága sé riaradh na hoibre sin fúthu fós. An é cultúr an spleáchais – dependancy culture – cultúr an Údaráis?

Tá méid áirithe de sin ann, ach bhí cultúr an spleáchais i bhfad níos suntasaí fiche bliain ó shin ná mar atá sa lá atá inniu ann. Ag an am

dearcadh ginearálta atá ag daoine. Tá baint mhór aige leis an réimse oideachais ón mbunleibhéal go dtí an barrleibhéal a eagrú sa gcaoi go bhfuil a bhfuil ag tarlú sna scoileannaí ag gluaiseacht ar aghaidh céim ar chéim lena bhfuil ag tarlú amuigh. Ní léir dom go bhfuil sé sin ag tarlú. Tá cuid mhór den seanphátrún ag baint leis na mianta gairme atá ag daoine sa nGaeltacht i gcónaí. Teastaíonn daoine atá ag breathnú ar dheiseanna atá taobh amuigh de gheata na scoile. Caifear meon an fhiontair a chothú. Caithfidh daoine a bheith sásta a dhul sa seans. I ndáiríre is cuid den phróiseas foghlama atá sa teip. Níl ach iarrachtaí an-laga á ndéanamh sna hiarbhunnscoileanna le staidéar a dhéanamh ar an bpróiseas forbartha. Ceapaim go bhfuil cultúr an spleáchais ag lagan ar bhealaí go leor, ach nach bhfuil dóthain de bhunadh na Gaeltachta tagtha chun cinn a dteastaíonn uathu a bheith i gceannas. Agus ar bhealach, sin é an áit a bhfuil an dúshlán sna blianta atá romhainn. Ceann de na haidhmeanna atá ag an eagraíocht riaradh na hoibre a fhágáil faoi mhuintir na háite. Ach níor tharla sé mar níl aon neart ag an eagraíocht ar a laghad iarrataisí 's a thagann chun cinn ó dhaoine a bhfuil cáilíocht na Gaeilge acu chomh maith leis na cáilíochtaí eile.

Na spriocanna a bhí ag Údarás na Gaeltachta i dtús ama, an bhfuil siad sin curtha i gcrích sna



céanna tá fadhb ann sa méid seo, agus ní fadhb í a bhfuil réiteach ag Údarás na Gaeltachta uirthi. Baineann cuid mhór de leis an bpróiseas oideachais. Is é sin an

cheapadh, an Cathaoirleach san áireamh. D'fhéadfaí duine a cheapadh ó phobal nár éirigh leo duine a thoghadh. Fágfaidh sin naoi mball déag ar fad ar an mBord tar éis an toghcháin i mí na Samhna. Rachaidh an Bord nua i mbun feidhme mí Eanáir seo chugainn. D'fhéadfaí a mhaíomh gur ag cur le húdarás an Údaráis atá an reachtaíocht nua sa méid go bhfuil ionadaíocht an phobail á mhéadú. De réir na leasuithe, áfach, tá teora leis an airgead is féidir leis an Údarás a cheadú do thionscal faoi leith gan taomhadh an rialtais. Leasú eile atá i gceist leis an reachtaíocht nua nach gá "toiliú an Aire a fháil le tionscal a scor". Tá alt nua sa mBille a chuirfidh ar chumas an Aire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán "ordacháin a thabhairt don rialtas".

An Reachtaíocht Nua

Ó bunaíodh an tÚdarás i 1980 tá trí chomhalla déag ar an mBord. Toghann pobal na Gaeltachta seachtar díobh sin uair sna cúig bhliana, agus ainmníonn an tAire seisear eile. Bhí éileamh le lada ag pobail bheaga go mbeadh ionadaíocht dá gcuid féin acu. Bhí éileamh chomh maith ann le lada an lá gur Bord tofa a bheadh ann go hiomlán. De réir na reachtaíochta nua, tá líon na gcomhaltai le méadú go dtí sé dhuine dhéag tofa. Fágann sé sin go mbeidh seisear i nGaillimh, beirt i Maigh Eo, ceathrar i nDún na nGall, beirt i gCiarraí, agus duine sa Mí, i bPort Lairge agus i gCorcaigh. Lena chois sin, beidh deis ag an Aire triúr eile a

Gaeltachtaí móra?

Ó thaobh cúrsaí fostaíochta de, níl amhras ar bith ach go bhfuil foirmlí ann a oibríonn. Sa mhéid sin, is féidir a rá gur éirigh le hÚdarás na Gaeltachta na spriocanna forbartha a bhí aige a bhaint amach, go háirithe sna príomhcheantair Ghaeltachta. Ó thaobh na fostaíochta agus na forbartha, tá na spriocanna atá ag an Údarás á mbaint amach sna ceantair Ghaeltachta.

“Beidh straitéis nua á fhogairt ag an Údarás idir seo agus deireadh na bliana [maidir leis na Gaeltachtaí beaga]. Tá na riachtanaisí atá ag na ceantair sin ar na tosaíochta is mó atá againn i láthair na huairé”

Arb ionann anois cás na nGaeltachta beaga – nó an chuid is iargúlta den Ghaeltacht – agus cás dheisceart Chonamara, mar shampla, nuair a thosaigh an tÚdarás? Tá sé sin fíor. Agus is dóigh go bhfuil sé tráthúil go gcaithfidh an tÚdarás aghaidh a thabhairt anois ar na riachtanaisí atá ag na ceantair sin. Agus tá cuid acu a bhfuil fadhbanna an-ghéar acu agus a mbeidh sé an-deacair an próiseas forbartha a ghinniúint iontu. Tá cuid de na pobail seo chomh lag agus nach bhfuil líon sách mór daoine ann do thionscal nua a thiocfadh isteach. B’fhéidir nach fostaíocht thionsclaíoch is fearr a d’fheilfeadh do na ceantair seo. Tá staidéar á dhéanamh air sin faoi láthair. Beidh straitéis nua á fhogairt ag an Údarás idir seo agus deireadh na bliana. Tá na riachtanaisí atá ag na ceantair sin ar na tosaíochta is mó atá againn i láthair na huairé.

Cé na ceantair iad féin?

Ó Chasla siar i gConamara. Iardheisceart Thír Chonaill. Iarthuaisceart Thír Chonaill agus Uíbh Ráthach. Tá riachtanaisí difriúla ansin ag ceantar Rath Cairn agus ceantar na Rinne. B’fhéidir gur gá dúinn infheistíocht a dhéanamh i nithe neamhthionsclaíocha. San eacnamaíocht shóisialta féin. Níl sé sin ach ag teacht chun cinn mar réimse a bhfuil an tÚdarás sásta agus cead aige airgead a chur isteach iontu. Tá daoine ann a déarfás, muna bhfuil na deiseanna sóisialta ann sa mbaile, nach leor an jab le n-íad a choinneáil sa mbaile. Caithfidh muid féachaint ar infheistíocht a dhéanamh i réimsí eile le saol mhuintir na háite a dhéanamh chomh hiomlán agus is féidir ó thaobh na fostaíochta agus na siamsaíochta. Roimhe seo, bhí muid teoranta rómhór ar bhealach don fhostaíocht thionsclaíoch amháin.

Dá mbeadh ceist agat le cur ort féin, a Phádraig, cén cheist í féin?

Ceist amháin, an ea? ‘What’s a nice guy like me doin’ around here . . .’

Beidh trácht ar an Údarás arís i gCuisle na Samhna, agallaimh leis na baill tofa, tuairiscí aneas agus aduaidh, agus ceisteanna á gcur, mar is nós linn.

The George Soros Foundation



Diarmuid Johnson looks at a development body which, though more ambitious than Údarás na Gaeltachta, shares its objectives, and is a model we can learn from.

George Soros is an American multimillionaire of Jewish Hungarian extraction. In 1989, after the collapse of communism in eastern Europe, Soros established a foundation for the development of open societies. The idea of the open societies is a reaction to totalitarian societies, of which Marxist-Leninist communism is one example. By channeling part of his fortune into eastern Europe, Soros has, through his foundation, contributed much to the personal and social emancipation of huge numbers of people.

The idea of the open society stems from the philosophy of Karl Popper. In 1943, when totalitarian national socialism threatened Europe, Popper wrote *The Open Society and its Enemies*. In this book, Popper dismantled Marxism, and provided the world with the means to intellectually discredit nazism. Some of Popper’s ideas have filtered through the textbooks and lecture-halls into modern life. While risking vulgarisation, it may be said that Popper saw man as the shaper of his own future, an idea which runs counter to the determinism of other traditions of thought which lead to inertia, and dependency.

In the world of the European Community, these abstractions sometimes translate into money for rural development groups, employment agencies, and the so-called empowerment of the people, too often confused however with localised penpushing hierarchies.

All this is relative to the debate on the future of Údarás na Gaeltachta, and the Gaeltacht itself. Unlike Údarás na Gaeltachta, the Soros foundation is implicating a twenty year plan. In the year 2009 it plans to withdraw from its Budapest office, for example, and to hand over the running of their own affairs to the people of the Eastern European states they are dealing with. Envisaging this hand-over, workers within the Soros foundation oversee the training of local people. To ensure successful development of the open society, the Soros foundation invests heavily in third level education, and in the media, hoping to encourage a once docile and subservient people to develop critical and communication skills. The total expenditure of the Soros foundation network in 1998 was \$574.7.

The 1998 Soros Foundation Report (*see: www.soros.org*) states:

“One of the mistakes of the foundations network, we now recognise, is that we have made many institutions overly dependant on our support alone. In the decade ahead, we will strive to avoid creating new dependancies. We have already started doing our best to ensure that the organizations we value and that should endure can survive without us. Ideally, we would like to assist them in sustaining themselves with local resources.”

And ideally, early in the new millenium, we might read words to similar effect in the Údarás na Gaeltachta annual report.



Oileán Thoraí

Tuile tar éis na Trá



Tory island lies nine miles off the northwest Donegal coast. Sheltered, rock, two and a half by three quarters of a mile in surface, exposed to the wrath of Atlantic storms, and prone to isolation from the mainland. A population of 202 in 1961 had by 1991 been halved to 119, and 1984 saw the exodus of fourteen families to Falcarragh, auguring a bleak future for the remaining community. But **Clare Ní Shuilleabháin** visited Tory to find the tide turned and the people confident and positive about years to come. Life is uncomplicated, informal and warm. No long commutes, few shopping facilities, and when October evenings draw in, the islanders are content to sit in front of the fire.



An Teach Bán

Bun Beag, Gaoth Dobhair,
Co. Dhún na nGall
00353 (0) 75 31545/32270 Fax: (0)75 31545

Tá teach lóistín compordach againne i nGaoth Dobhair do lucht an aeir úir, teach atá os cionn na farraige móire, é cóngarach do na tránna glana, siúlóidí den seath mór-thimpeall, dreapaóireacht agus spóirt uisce.

Beidh cupán tae romhat ar theacht duit, agus bricfeasta breá sula mbualann tú bóthar, arán baile, agus bia don té nach n-itheann feoil.

Seomraí en suite agus deis déanta caif agus tae iontu. £16 an duine in aghaidh na hoíche.

Beidh fáilte romhat

Bien Venidos

Linda and Paul

Misneach nár Chlis

Nuair a tháinig an tAthair Diarmuid Ó Piacáin go Toraigh i 1980, ní raibh cuid de na bunriachtanaisí maireachtála ar an oileán. Uisce reatha ní raibh sna tithe, ná solas a dhíbreodh scáth an gheimhridh. Bhí saol an oileáin mar a bhí in áiteacha san Afraic, dar leis an Athair Diarmuid, faoi mar a scríobh sé ina leabhar *Islanders*, agus b'éigean do na hoileánaigh cath fada dian a throid leis na húdaráis le haitheantas agus tacaíocht a fháil dóibh féin.

Duine den dream nár chlis an misneach orthu ab ea Mary McGinty. I 1987, bheartaigh Mary café a fhoscail. "Bhí

daoine beaguchtach ag an am sin, agus smaoiníodar go raibh mé as mo mheabhair ag iarraidh bialann a fhoscailt nuair a bhí cuid mhór de bhunadh an oileáin ag cuartú bealaigh amach."

Bhí a saol caite ag Mary i dToraigh, agus í meáite go bhfanfadh sí ann. "Ní raibh dúil agam fágáil, agus bhí a fhios agam go raibh daoine ar aon intinn liom. Cheap mé go dtiocfadh an t-oileán arís, agus tháinig." Tá trí bliana déag ó d'fhoscail Mary 'Caifé an Chreagáin', agus bíonn na céadta turasóirí ag triall ann gach bliain.

Chomh maith le Caifé an Chreagáin - tá an *chicken salad* le moladh ann - tá siopa ar an oileán anois, oifig an phoist, bunscoil, brú óige, sé theach Chomhairle

Contae, club sóisialta agus óstán. Agus más ag titim a bhí daonra an oileáin ó na seascaidí anall, tá daoine ag filleadh ó 1991 i leith, agus faoin am seo tá 175 duine ar an oileán arís.

Tá seacht milliún punt á chaitheamh ar chéibh nua a thabharfaidh seirbhís rialta farantóireachta don oileán i rith an gheimhridh, tá caint ar aerstráice, agus beidh scoil nua dara leibhéal faoi stiúir Choiste Ghairmoideachais Dhún na nGall á lonnú san ionad pobail nua. Thosaigh an chéad dá bhliain i mbliana.

“Scéal iontach é seo, agus thar aon ní eile cinntíonn sé todhchaí an oileáin,” arsa Antain Ó Míneáin, ealaíontóir de bhunadh Thoraí a bhfuil triúr clainne air.

D’fhág Antain an scoil


nuair a bhí sé ceithre bliana déag agus d’imigh leis go hAlbain mar a rinne na glúnta roimhe. Tá mac leis trí bliana déag d’aois.

“Is cuidiú iontach é seo dó,” arsa Antain, “go dtig leis fanacht anseo agus teacht abhaile san iarnóin cosúil le páistí in áit ar bith eile sa tír.”

Go dtí le deireanas, thugadh 79% d’óige an oileáin cúl le hoideachas iarbhunscoile le hais 36% d’óige na tíre ar an meán. “Don chéad uair riamh ní bheidh ar dhéagóirí óga, an ghlúin is bríomhaire, imeacht ón mbaile agus fanacht uaidh don chuid is mó den bhliain,” arsa Pól Ó Monagáin, bainisteoir an Chomharchumainn ó 1997 go dtí 1999. “Bhí sin an-deacair ar thuismitheoirí agus ar pháistí araon.”



“Beidh cúrsaí i bhfad níos fearr do pháistí amach anseo”



TEACH ANRAOI

Bun Beag, Co. Dhún na nGall
00353 (0) 75 31092

Beidh fáilte agus féile romhat i dTeach Anraoi, agus cinnteoidh muide go mbeidh tú ar do chompond linn. Tá an teach i gceartlár ceann de na ceantair is áille in Éirinn, agus cuirfidh radharc na farraige agus na sléibhte iontas agus lúcháir ort.

Tá seomraí en-suite sa teach agus gach treallamh ann. Lounge príobháideach do na aíonna, carrchlós príobháideach, óstáin, siopaí agus tithe ósta in aice láimhe.

Is maith a thuigeann Mary McGinty an cumha agus an bhuairt a bhaineann le himeacht clainne. Phill a nighean abhaile tar éis bliana go leith ar an meánscoil sa bhFál Carrach de bharr cumha i ndiaidh a muintire agus a háite dúchais. Chabhraíodh sí le Mary sa chaifé sa samhradh, ach is beag a bhí le déanamh aici sa gheimhreadh. Tá nighean eile le Mary seacht mbliana déag d’aois, agus beirt stócach, iad 14 agus 9 mbliana. Tá “lúcháir mhór” uirthi go dtig leis an stócach is óige fanacht sa bhaile i mbliana.

Dúshláin

An chéad dúshlán le dlús a chur le feabhas saoil ar an oileán ná fostaíocht bhuan

a chur ar fáil leis na daoine óga a choinneáil ar an oileán tar éis dóibh an scoil a fhágáil. “Níl aon mhaith oideachas dara leibhéal a chur ar fáil ar an oileán agus na daoine óga ag imeacht ansin go Baile Átha Cliath,” arsa Antain Ó Míneáin. Níl ach ochtar fostaithe go lánaimseartha ar an oileán agus cúigear acu faoi scéim FÁS. Tá 40 duine ann de bhunadh an oileáin atá idir 18 agus 35 bliana d’aois agus a bhformhór ar shiúl ag obair sna cathracha. Creideann Antain áfach nach bhfuil maitheas ar bith sna monarchana ach na hoileánaigh a bheith i mbun bainistíochta. “Leis an scoil nua agus oideachas maith ar fáil do na daoine óga, ní fada go mbeidh an traenáil sin

acu.”

“Níl obair ar bith ann do dhaoine óga, ní bheidh jab ar bith anseo dom nuair a chríochnaím an cúrsa,” arsa Pádraig Doohan (19) atá ag déanamh cúrsa ríomhaireachta ar an gcoláiste i Leitir Ceanainn. Tá deartháir amháin leis ag obair sa tionscal tógála i mBaile Átha Cliath agus an deartháir is sine ag obair ar an gcéibh nua.

Tar éis an choláiste, ba mhaith le Patrick dul go Meiriceá ar feadh cúpla bliain agus go Baile Átha Cliath ina dhiaidh sin “le taithí nua a fháil agus le cuid den domhan a fheiceáil”. Deir sé go dteastódh “athrú mór” ar an oileán sula mbeadh sé sásta pilleadh agus cur faoi ann. “Mar atá sé faoi láthair, níl mórán ann do dhaoine óga, tá sé leadránach i rith an lae. Níl ach an club sóisialta agus an t-óstán, agus bheadh fadhb mhór agat muna n-ólfá.” Tá dóchas ag Pádraig áfach go dtiocfaidh na hathruithe sin. “Leis an scoil nua agus na forbairtí eile atá le teacht - tá caint ar ionad spóirt, páirc pheile agus cumann drámaíochta agus club óige - beidh cúrsaí i bhfad níos fearr do pháistí amach anseo.”

Tele-obair

Le dul i ngleic i gceart le fadhbanna na linne, tá sé i gceist ag an gcomharchumann “díriú isteach ar na rudaí go dtig linn a dhéanamh ar an oileán. Mar shampla; monarcha chnriotála, adhmaid agus cúrsaí ríomhaireachta agus turasoíreachta,” arsa Pól Ó Monagáin. Is i gcúrsaí ríomhaireachta agus sa



Trí ghlúin de mhuintir Mhic Ruairí



Tory Islands Images

Martine Franck, Wolfhound Press

Tory Island Images is a pocketful of island life, a document of the informal social life of the island.

The pictures, black and white, are of contrast, shade and light, young and old.

The images bring us close to the intimacy of the small community, while breaking waves remind us of nature's powerful presence.



tele-obair is mó a chuireann na hoileánaigh spéis. Faoi scéim FÁS, tá nighean Pheatsaí Dan, Breda Marie Nic Ruairí, ag déanamh cúrsa ríomhaireachta ar an mórthír: nuair a phillfidh sí beidh sí ábalta traenáil a chur ar fáil do dhaoine eile.

Ba mhaith le Grace Duffy a bhfuil B&B aici ar an mBaile Thoir a bheith in ann dul amach ag obair nuair a bheas a clann níos sine, agus tá an-spéis aici i ngnó na tele-oibre. Chuala sí scéal faoi bhean i gCo an Chláir atá fostaithe mar chuntasóir ag dochtúir i Meiriceá ag úsáid an

idirlíona. “Níl cúis ar bith nach bhféadfaimís an rud céanna a dhéanamh anseo,” a deir Grace. Bean oileáin í máthair Ghrace, ach is i nGlaschú a rugadh 's a tógadh í féin. “Is pobal iad atá iontach dlisteanach dá chéile. Cuidíonn gach duine le chéile in am an ghátair.” Cé go mbraitheann Grace áiseanna agus éagsúlacht na cathrach uaithi ó am go ham, taitníonn suaimhneas an oileáin léi. “Tá a fhios agam i gcónaí go bhfuil na páistí slán sábháilte. Tá saoirse iontach acu.”

Na Fámairí Lae

Fearacht oileán go leor eile, tá oileán Thoraí ag brath cuid mhaith ar an turasoíreachta. Ach de bharr na háite a bhfuil sé, agus de dheasca cúrsaí

aimsire agus iompair, is séasúr an-ghearr a bhíonn ann. Turas lae is mó a thugann daoine isteach ann, rud nach féidir a dhéanamh faoi láthair ach Mí Iúil agus Lúnasa. I láthair na huairé tá an comharchumann ag cur plean le chéile le fad a chur leis an séasúr ionas go mbeidh trácht ann

ó Aibreán go Meán Fómhair. “Caithfidh muid na hacmhainní atá againn a úsáid chun sochair mhuintir an oileáin, an oidhreacht shaibhir chultúrtha, mar shampla,” arsa Pól Ó Monagáin. “Nuair a bheas an tIonad Pobail tógtha, cuirfear tús le coláistí cultúrtha, ranganna teanga ach go háirithe, mar cuirtear an-suim i nGaeilge Thoraí. Is fíorGhaeltacht í. Tugtar

James Dixon agus Alfred Wallis san IMMA

John Hughes

Tá taispeántas ealaíne den scoth, *Two Painters*, ar siúl san Irish Museum of Modern Art faoi láthair. Is iad James Dixon as oileán Thoráí (1887 - 1970) agus Alfred Wallis as St. Ives i gCorn na Breataine an bheirt atá i gceist. Thosaigh siad beirt ag péinteáil agus an trí scór slán acu. Péintéirí primitífeacha a bhí iontu, iascairí nach bhfuair traenáil ar bith. Ealaíontóirí oile a spreag iad agus a chuir a saothair ar a súile don domhan mór.

Thosaigh Alfred Wallis ag péinteáil i ndiaidh bhás a mhná céile. Báid agus baile St. Ives na téamaí a bhí aige. Cairtchlár agus péint tí a d'úsáid sé. Tá diamhaireacht ag baint lena shaothar. Pailéad teoranta a d'úsáid sé. "You don't want to use too many colours," a dúirt sé. Bhí an t-ádh leis go raibh an t-ealaíontóir Ben Nicholson ag péinteáil i St. Ives i 1928. Thug sé tacaíocht do Wallis agus bhí taispeántaisí ag Wallis i Londain sna 1930í áit ar thuill sé clú i measc an *avant garde*. Chuaigh saothar Wallis i gcion go mór ar William Scott as Inis Ceithleann, fear a bhí ag péinteáil i Londain ag an am.

Chaith James Dixon a shaol ar oileán Thoráí, ach ní

luaitear an Ghaeilge oiread agus uair amháin sa chatalóg! Le go mbeadh an scéal ag an té atá ag breathnú ar na pictiúir chuir sé teidil fhada Béarla orthu. Bhí an t-ealaíontóir Sasanach Derek Hill ag péinteáil i dToraigh agus casadh Dixon air. Cheannaigh Hill péint agus páipéar dó. B'fhearr le Dixon scuab a rinne sé féin le fionnadh asail ná scuab cheart ealaíne!



Phéinteáil sé radharcanna oileáin mar ba léir dó féin iad, é beagbheann ar chleasanna na peirspeictíochta. Pictiúir ollmhór é East End Tory Island agus buailfidh sé idir an dá shúil tú. D'úsáid sé marcanna sgrafitto – an phéint a scríobadh agus í fliuch – go seoigh sa bpictiúir *Plowing in Dixon Farm Tory Island the first tractor that ever came to Tory*.

D'eagraigh Derek Hill taispeántaisí dó i Londain, Béal Feirste, Vienna agus Baile Átha Cliath. Bhí an-spéis ag na criticí George Melley agus John Berger ina shaothar. Seans go bhfaighidh tú faoiseamh sa taispeántas seo ón ró-intleachtúlacht agus ón mór-is-fiú a bhaineann le go leor den nua-ealaín.

Críochnóidh an taispeántas ar an 21ú Samhain agus beidh sé le feiceáil arís samhradh 2000 sa Tate Gallery, St. Ives.



L Ó I S T Í N

An Bun Beag, Gaoth Dobhair, Tír Chonaill
© 075-31545, 075-32270

Teach Ósta cláraithe le Bord Fáilte
Seomraí Teaghlaigh agus en-suite
Béilí Tráthnóna

Cóngarach do gach áis
Radharcanna áille ar an Atlantach, ar na hoileáin
mara agus ar shléibhte mhaorga an iar-Thuaiscirt

Foscailte i rith na bliana

tús áite don Ghaeilge i gcónaí."

Nuair a d'fhill Pat agus Bernie Doohan ó Londain i 1992, thóg siad an t-óstán le bar, bialann agus 14 seomra, agus anois tá siad le hionad tumadóireachta a oscailt. Tá caifé nua á thógáil ar an taobh thoir den oileán, áit a bhfuil na hailleacha sceirdiúla, maorga le feiceáil. Tá Máirín Nic Ruairí le siopa ceirde a oscailt ar an mBaile Thiar, agus tá dhá shuíomh picnic tógtha agus iarratas curtha isteach le hIonad Eolais a oscailt ar an gcéibh.

De bhrí go bhfuil Toraigh chun deiridh ar na hoileáin eile ó thaobh forbartha de, tá blas an tseansaoil air fós. Saol réidhchúiseach é sin, saol sócúlach, simplí atá scuabtha chun siúil in

áiteacha eile ar fud na tíre. Dúshlán don oileán sin a choinneáil, agus é a phósadh leis an saol nua.

Dea-scéal

Braitheann an saol nua sin, ar an nglúin óg, agus ar an bpósadh, agus is údar inní a laghad lánúnacha atá le feiceáil ar an oileán dar le Mary McGinty.

"Tá na leaids óga ag casadh le girseacha sna cathracha agus ag pósadh ann," ar sí. Ach tá dea-scéal ar an oileán. Saolaíodh an chéad duine claimne do Noelle Smullen agus Eddie Doohan ar na mallaibh. "Tá saoirse agus caighdeán saoil níos fearr anseo," arsa Noelle. Tá gach cuma ar an scéal go bhfuil saol maith roimh an naíonán amach.

DRÁMAÍ

Ros na Rún

Clár ceannródaíochta de chuid an chainéil, agus seo é an ceathrú séasúr aige. Tá sé suite i mbaile beag ina bhfuil rud amháin ina rún, rud eile ina chur i gcéill agus uisce faoi thalamh ar bun i gcónaí - cosúil le gach baile beag in Éirinn.

Beidh tuilleadh ann a bhaineann le saol na linne seo, agus cúrsaí sách géar:

- Ní mar a shíl sí a thiteann amach do Bhernie ná don pháiste a bhfuil sí ag súil leis. Tá sí á crá ag a cuid cliamhaineacha ach seasann sí an fód agus tagann sé rite le Liam coinneáil léi.
- Tá uisce faoi thalamh Thaidhg ag brúchtadh aníos agus d'fhéadfadh sé a theacht ina rabharta aníos sa mbéal air.
- Tom ceangailte leis an bpáiste arís, ach cén glacadh a bheidh san áit le buachaill bán ag tógáil mac a dheirfíre?
- Breith, pósadh agus bás - ach níl leath an scéil ar na teastais.

Comhléiriú idir Eo Teilifís agus Tyrone Productions, seo í an tsraith drámaíochta is mó a léirítear go neamhspleách in Éirinn. (Dé Máirt agus Déardaoin 8.30pm, Omnibus Dé Domhnaigh 10.30pm).

Gleann Ceo

Séasúr eile de chlár a chuireann le cáil TG4 faoi shraitheanna nua grinn Éireannacha a chraoladh. Tá na scéalta dírithe ar an gciapadh agus an crá atá ina chuid de shaol sáirsint gardaí i mbaile beag i dTír




Ros na Rún



Chonaill, ar mó go mór an luí atá aige le cúrsaí gnó agus airgid ná lena dhualgais oifigiúla. Déarfá go raibh mianach Sgt Bilko agus Del Boy Trotter ann ach gur Éireannach go smior é. Tuigeann muintir na háite go maith dó — an-teist orthu féin. Níl dabht ach go n-éireoidh leis an gclár seo ón dream céanna a chruthaigh C.U. Burn agus a fuair gradaim dá bharr.

Dillusc


Tá draíocht sa scéal seo faoi dhaoine a bhfuil tinneas nó máchail orthu a théann ar thuras farraige ag súil go dtabharfaidh deilf dhraíochta biseach dóibh. Helen Norton, Máire Ní Ghráinne agus Aidan Kelly na príomhaisteoirí. Kibosh a léirigh.



Gleann Ceo



Ceol Cois Locha



Dervish

Pangur Bán

Cartún nua as an bpíosa a rinne TG4 a choimisiúnú. Tá sé bunaithe ar an dán Sean-

Ghaeilge a scríobh manach faoina pheata cait. Taispeánann an saothar, ar léir gur cuireadh croí agus

anam ann, tríúr manach ar faoiseamh dóibh ceathrúna beaga fáin a scríobh ar imeall na lámhscríbhinní

seachas síorchóipeáil sheasta na lámhscríbhinní eile. Tá spiorad i gcuid de na ceathrúna nach mbaineann le spioradáltacht. Claddagh Animations a chruthaigh agus a léirigh an saothar breá seo.

CEOL

Leanann an cainéal ag cur togha an cheoil as Éirinn agus as Albain i láthair i gclár phríomhsceidil (Dé Luain 8.30pm).

Sruth na Maoile

Ceiliúradh ar an gceangal atá idir ceol traidisiúnta na hÉireann agus na hAlban. Léiriú de chuid na léiritheoirí clár ceoil Hummingbird Productions do TG4 agus BBC Scotland. Tugtar le chéile roinnt de na hamhránaithe agus de na ceoltóirí is fearr i chaon traidisiún, ina measc Alan agus Ian Mac Donald as Albain, Maggie Mac Innes agus Mary Smith as Albain agus Seamus Ó Beaglaoich agus Richie Buckley, Tomás Mac Eoin, Lillis Ó Laoire agus Alec Finn as Éirinn, sa tsraith 8 gclár seo ina gcuirtear an bhéim ar chasadh an cheoil agus na n-amhrán. Déanadh taifeadadh ar an tsraith ar an Órán Mór i gCo. na Gaillimhe agus i Dunkeld in Albain agus tá sé bunaithe ar an gclár raidió cáiliúil a bhíonn ar Raidió na Gaeltachta in Éirinn agus ar Radio nan Gaidheal. Cuirfidh na láithreoirí céanna, Seán Ó hÉanaí agus Mairi Ann Nic Ualraic an tsraith teilifíse i láthair.

Bláth na Sú Craobh

Léargas ar ghné spéisiúil d'oidhreacht cheoil na tíre –

údar traidisiúnta na n-amhrán agus an éagsúlacht ó cheantar go ceantar maidir le ceol, focail agus seanchas na n-amhrán. Tá cáil na n-amhrán ar an láithreoir Antaine Ó Faracháin é féin. Téann sé ag casadh leo siúd a bhfuil na hamhráin agus údar na n-amhrán acu agus beidh an clár seo ina dhíol spéise ag gach duine a chuireann suim sna amhráin nó sa seanchas.

Ceol Cois Locha

Ar ais arís le tuilleadh de na ceolchoirmeacha a bhíonn san ionad ceoil is deise in Éirinn - Ionad Cois Locha i nDún Lúiche faoi bhun an Earagail i dTír Chonaill. Beidh grúpaí agus amhránaithe áitiúla go tréan ann chomh maith le Dolores Keane, Seán Tyrell, Dervish, agus na Bumblebees agus iad i mbun ceoil agus ag caint ar a gcuid ceoil féin agus ar an gcaoi a bhfuair siad é. Léiriú de chuid Scannán Dobharcú.

SPÓRT

Ard san Aer Beo

Dul chun cinn mór é seo sa chraoladh teilifíse ar na cluichí Gaelacha. Craolfar cluiche tábhachtach de chuid CLG, ag leibhéal na gclub, na gcoláistí nó na gcontaetha, beo gach tráthnóna Domhnaigh ar TG4. Den chéad uair riamh beidh deis ag an lucht féachana cluiche iománaíochta nó peile a fheiceáil beo ar teilifís náisiúnta gach tráthnóna Domhnaigh ó Dheireadh Fómhair go Bealtaine. Beidh Cluichí Ceannais na gContaetha, cluiche mór an lae i gCraobhchomórta



Teletubbies ar TG4

Club Uile-Éireann Bhanc Aontais Éireann, comórtais idir coláistí agus idir institiúidí tríú leibhéal agus cuid de na príomhchluichí i Roinn I den tSraith Náisiúnta Iománaíochta agus Peile le feiceáil sa chlár nua seo. Nemeton, comhlacht a bhfuil cleachtadh aige ar an obair, a bheidh i mbun léirithe le Micheál Ó Domhnaill á gcur i láthair agus Brian Tyers ag déanamh tráchtairachta ar na cluichí. (Dé Domhnaigh 2.30pm).

OLÈ OLÈ

Ar ais ina chlár leathuair mar a bhí i dtosach. An chuid is fearr de Primera na Spáinne, an comórtas sacair is mó scil b'fhéidir, an ceann is rachmasaí go cinnte agus an ceann is géire coimhlint san Eoraip. Bíonn togha na n-imreoirí ón Eoraip, Meiriceá Theas agus an Afraic le feiceáil chuile sheachtain ag imirt ar chuid de na páirceanna sacair is breátha ar domhan. An dtiocfaidh deireadh i mbliana le greim na gclubanna Réal Madrid agus Barcelona ar an gcraobh nó an mbeidh an

tseanchoimlint idir muintir na Caistíle agus na Catalóine ina ábhar bíse arís againn ar feadh an tséasúir? Léiriú de chuid Nemeton. (Dé Céadaoin 11.30pm).


The Glory Game

Sraith nua ocht gclár faisnéise ina léirítear páirt na n-imreoirí as tíortha Ceilteacha i bhfás an tsacair sa Bhreatain. Insíonn Seán Bán Breathnach faoin gcaoi ar chothaigh Manchester United, agus Liverpool, clubanna paróiste agus clubanna áitiúla ar dtús, ceangal le hÉirinn, Albain agus an Bhreatain Bhig agus an buntáiste a bhí acu as imreoirí ó na tíortha sin a bheith ar a gcuid foirne. Léiriú de chuid an tí léirithe as an mBreatain Bhig, Concordia, a raibh moladh mór ar léiriú eile dá gcuid, Celtic Fists, stair dhornáilithe cáiliúla na náisiún Ceilteacha, nuair a taispeánadh é ar TG4.

SIAMSAÍOCHT

Cleamhnas


An cineál cláir a chuirfeadh deireadh le cogadh agus a



shábhálfadh na milliúin do lucht an rachmais. An mar a chéile a thitfeadh amach idir é féin agus Cleopatra dá mbeadh máthair Mharc Antoine ag lorg mná dó?. Cuireann an láithreoir Seán Bán Breathnach rogha triúir ar fáil don aoí óg ar an gclár seo ach ní hiadsan a dhéanann an rogha ach a n-athair nó a máthair. Is minic nach ionann rogha an tuismitheora agus rogha an mhic nó na hiníne, ach sin tuilleadh den spraoi. Nuair a dhéantar an cleamhnas, cuirtear an bheirt amach in éineacht - agus na ceamaraí leo. Déantar taifeadadh ar an sonas - agus ar an donas - do chlár na seachtaine dár gcionn. Gaelmedia a léiríonn. (Déardaoin 9.00pm)

Thar an Tairseach

Bernie Ní Fhlatharta, iriseoir agus craoltóir, ag sá a smuít isteach i dteach duine go bhfeice sí cad is féidir a inseacht faoin duine sin ó



Óró na Buachaillí

bheith ag póirseáil thart agus ag cur ceisteanna. B'fhéidir nach bhfultear sásta é a admháil ach bíonn an chuid is mó againn fiosrach faoi thithe daoine eile. Téann Bernie san áit nach ligfeadh an faitíos daoine eile. Magma a léirigh.

(Dé Céadaoin 8.30pm)

Garraí

Clár ina ndéantar athchóiriú ar gháirdín ar an airgead a bheadh ag an ngnáthdhuine lena aghaidh. Ní thugtar do Stephen Nutty agus Cliona Ní Chinnéide, an bheirt láithreoirí, ach lá amháin le

hathrú a chur ar gháirdín. Bíonn orthu an cloigeann a oibriú chomh maith leis na lámha leis an obair a chur i gcrích in am agus ar an airgead atá ar fáil. Agtel, an comhlacht a dhéanann 'Ear to the Ground' agus 'Beastly Behaviour' do RTÉ a léiríonn. (Dé Máirt 9.00pm)

Aon Seans Ort?

Clár faisnéise amháin á stiúru ag Jennifer Keegan. Amharc ar an saol atá ag daoine singil. Leanann an ceamara cúigear agus iad ag iarraidh na fadhbanna casta uilig a shárú a bhaineann le céile a fháil in Éirinn an lae inniu.

Seapoint

Teacht le chéile le trácht a dhéanamh ar 50 bliain den halla damhsa cáiliúil i mBóthar na Trá, ceann de na hionaid damhsa is mó a mbíodh trácht air in iarthar na hÉireann ar feadh na mblianta. Is ann a cuireadh

tús (agus deireadh) leis na mílte scéalta grá. Scannán Dobharchú a léirigh an clár ina dtugann roinnt de na daoine a bhíodh ag triall ar an halla a gcuimhní féin - idir mhaith agus olc - faoin áit nuair a bhíodh sé i mbarr a réime.

Scaoil leis an gCaid


Clár faisnéise maidir le foireann peile áitiúil ag déanamh a ndíchill Craobh an Chontae a bhuaichaint. Is é an club croí agus anam CLG agus is treise dílseacht don pharóiste ná aon dílseacht eile i measc imreoirí agus lucht leanúna. Is club nua i measc chlubanna sínsir Chiarraí í An Ghaeltacht. Tá cuid mhór den fhoireann óg - cé go bhfuil imreoirí contae mar Dhara Ó Sé agus Dara Ó Cinnéide uirthi. Ligtear na ceamaraí isteach agus iad ag tosú arís ar thóir na glóire i Ríocht na caide. Dóvinia a léirigh.

Mad Dog Coll

Lá 'le Bríde 1932, dúnmharaíodh Vincent 'Mad Dog' Coll agus é ag glaoch as bosca teileafóin ar an taobh ó dheas de West Twenty Third Street i gcathair Nua Eabhrac. Cuireadh cúig urchar déag ann agus é ag iarraidh Big Oweney Madden a chur faoi dhúmhal. Tháinig Lottie Kreisberger, cailín Choll, ar an láthair nóiméid ina dhiaidh sin go bhfaca sí an corp á thógáil as. Sin é an deireadh a bhí ar shaol duine de mhuintir Ghaoth Dobhair. Cérbh é féin agus cén chaoi ar casadh sa trioblóid sin é chomh fada ó bhaile ó na gleanntáin ghlasa? Gaelmedia a léirigh.



Nuacht TnaG



Níor chuir TnaG riamh
aon teora lena mianta...
Leagamar béim ón tús
ar chláracha den scoth...
Seo chugainn anois
an saol úr digiteach.

Réabhlóid Éabhlóid
Revolution Evolution




Súil Eile

<http://www.tg4.ie>

2000

Ag deireadh na míosa beidh Gaeil ealaíonta ag tarraingt amach a gcuid báiníní, ag slíocadh a gcuid gruaige, ag teacht anuas ó na sléibhte agus ag déanamh cosáin dhearg chuig soilse na gealchathrach. Cén fáth, an ea? Féile 2000 na Gaillimhe ón 19ú-25ú Deireadh Fómhair.

Tá clár ildánach drámaíochta, ceoil, ealaíon, scannáin agus litríochta leagtha amach dóibh. Beidh ealaíontóirí Thoraí agus dhramadóirí **Aisling Ghéar** as Béal Feirste ann, lucht scannáin agus cheol malartach ó Chorca Dhuibhne. Beidh Gaeil Alban agus Ceiltigh eile ann, an file Albanach **Aonghas Mac Neacail** agus lucht amharclainne **Bara Caws** na Breataine, gradam ceoil TG4, ceol comhaimseartha ó **Kíla, Mícheál Ó Súilleabháin** agus cabaret malartach. Scannáin úra, scéal deilfe ón nDaingean agus scannán mistéireach, dúnmharfach, bleachtairreachta ón bpríomh-chathair — clár spleodrach, dúshlánach: croch leat do phoc-aide gabhair breá Gaelach, agus bí i lár an aonaigh, nó caillfidh tú 'an Fhéile Ealaíon Gaelach is mó dar eagraíodh riamh'.



- **Ceol**
- **Drámaí**
- **Scannáin**
- **Ealaín**
- **Díospóireachtaí**



FÉILE 2000 is the celebration of a culture coming into its own, a vibrant culture breaking with a tradition of resistance, working with the contemporary world, not against it. Today's film-makers, musicians and writers are finding a widening audience, and forming a circle with a more

discerning audience who demand and appreciate better standards. National radio, television, and publications now exist to cater for this audience, and the calibre of performers in FÉILE 2000 can lead us into the future with optimism. Féile 2000 runs from the 19th to the 25th of October. Join us.



Micheál Ó Súilleabháin: Rachmaninov cois Sionainne

Micheál Ó Súilleabháin

Dé hAoine 22ú, 9.00 i.n.,
An Dubhlann

Cumadóir, ollamh,
Rachmaninov cois Sionainne,
entrepreneur agus antraipeolaí,
'mesdames et messieurs Cuisle
vous présente . . . Micheál Ó
Súilleabháin. Más ag Ríordánú
na Gaeilge a bhíodh Seán lena
linn agus é ag cur síos ar a rún,
is ag Súilleabhánú leis atá
Micheál.

Leagan Uí Shúilleabháin de
dhánta Uí Ríordáin a bheas aige
dúinn ag Féile 2000, i bpáirt le
Lilis Ó Laoghaire agus an Irish
Chamber Orchestra.

Ná bígí ar chúl an tí.



Liam Álainn Ó Maonlaigh

**Liam Ó Maonlaigh
agus a chairde**

Dé Sathairn 23ú, 8.00 i.n.,
An Dubhlann

Is beag a ceapadh go mbeadh
oiread díol ar cheirnín Gaeilge
agus a bhí ar Éist!

Bhí Éist! ar cheann de na CDs
is minice a seinneadh ar an
raidió samhradh na bliana
anuraidh.

Cloisfear cuid díobh siúd atá
ar Éist!

Satharn na Féile in
Amharclann na Cathrach –
Maighréad agus Tríona Ní
Dhomhnaill, Máire
Bhreathnach, agus John
Spillane.

Kíla

Dé Domhnaigh 24ú, 11.00 i.n.,
An Dubhlan

Tá ceol Kíla mar a bheadh *goulash* mór a bhfuil beathú na gcéadta ann. Cúpla punt ceoil thraidisiúnta a chur sa bpota ar dtús, blúire Rock 'n Roll, anlann drumáí, spíosraí na hAfraice, leathbhuidéal craic: cuir an méid sin ar an tine agus measc go maith é – beidh blas air a chuirfidh na cosa ag gluaiseacht. *Big happy sound* atá ag Kíla mar a bhí seal ag na Waterboys agus na Big Geraniums ach ceangal acu leis an tír agus leis an stair. Fíorghrúpa i mbun an rud a fheileann dóibh.



Kíla: 'goulash mór'

Féile



Maigh Seola . . .

Cúigear atá sa ngrúpa seo, meascán neamhchoitianta fíoraobhinn uirlisí acu – cláirseach, cello, fliúit agus feadóg, consairtín agus glórtha cinn. Sheinn siad ag Cúirt agus ag an bPíearáca,

agus is fiú chuais a thabhairt dóibh. Ar bhailiúchán Eibhlín Bean Mhic Choisdealbha atá a gcuid ceoil bunaithe; amhrán as tuaisceart na Gaillimhe agus deisceart Mhuigh Eo.

. . . agus Cór Chúil Aodha

Dé Domhnaigh 24ú, 1.00 i.n., Amharclann na Cathrach

Glórtha sinseartha, fearúla Mhúscraí ag fadú seantíne éigse na Mumhan dúinn. Cór nach bhfuil a leithéid in Éirinn – cé go bhfuil a leithéid á thriail ag amhránaithe Charna. Lón agus beatha anama, agus gan cur i gcéill ná gaillemáíocht ag baint leis. Chugainn aneas iad, rud nach minic, agus Peadar Ó Riada á stiúru ar feadh an bhóthair.

Oíche an tSean-nóis

Dé Sathairn 23ú, 11.00 i.n.
Halla na Cathrach

Oíche a chuirfeas gliondar agus áthas ar na hAfficionados, agus teist mhaith ar bhrí an traidisiúin nó beidh trí ghlúin amhránaithe le clos. Dara Bán, fear fial i measc feara Fáil, fear ar fada gearr a cháil, fear nach bhfuil cuntas ná áireamh ar a chuid amhrán. Nan Taim Taimín as Roisín na Manach, bean a chuirfidh ceol go gealach agus meisce ar an lucht éisteachta, Ciarán Ó Coincheanainn agus Lasairfhíona Ní Chonghaile a bhfuil lóchrann na hamhránaíochta ar iompar acu i measc na n-óg. Trua gan Conallach ná Muimhneach ann.



Dara Bán: 'Ná síltear gur íseal mar is uasal mé'



Tigh Neachtain

TRADITIONAL BAR SINCE 1894
17 An tSráid Trasna, Gaillimh

Ar son na Gaeilge agus an chultúir ó 1894

Ceol traidisiúnta gach oíche
Tine oscailte

Suigh fút ar do chompord sa
gclúid

Buail isteach!

Gradam Ceoil TG4

— Matt Molloy agus Aogán Ó Loinsigh

Dé Luain 25ú, 8.00 i.n., Halla na Cathrach

Pix: Matt, Aogán

IS é Maitias Ó Maoildhia — Matt Molloy mar is fearr aithne air — fear ghradam TG4 i mbliana, agus tá súil leis oíche dheiridh na Féile le draíocht a chur ar an slua lena chuid ceoil milis, líofa. I mBealach an Doirín, Co Ros Comáin a rugadh Matt i 1947. Óna athair a thóg sé a chuid ceoil, ceol dheisceart Shligigh agus thuaisceart Ros Comáin. Chuaigh Paddy Kilornan i bhfeidhm ar Matt agus é ina scorach óg. An Bothy Band, Planxty, Na Chieftains — ancaire ab ea Matt i gcuid de na grúpaí ab fhéarr, agus tá féith an cheoil aonair go láidir ar The Heathery Breeze, Stony Steps agus Shadows on Stone. Níl lúb ar lár ina chuid teicníc, ach ní théann sé thar fóir le maisíocht. "You let the music breathe," ar sé.

I gCorcaigh a rugadh Aogán Ó Loinsigh i 1975. Duine de mhuintir Uí Bheaglaoich Chorca Dhuibhne a mháthair Caitlín, agus is é Donncha Ó Loinsigh, fear bosca ó Bhaile Bhuirne, a athair.



Aogán Ó Loinsigh

D'fhoghlaim clann Uí Loinsigh a gcuid ceoil ó Mhartín Power, Baile an Chollaigh, agus i dtithe ósta na dúiche. Tá cónaí ar Aogán i mBaile Átha Cliath áit a bhfuil sé i mbun dochtúireachta sa teicneolaíocht, agus is minic ag seinnt é le Michelle O'Brien, Gavin Rolston, Gerry Harrington, Daire Bracken, Mike Broderick agus Oisín McAuley.



Matt: "You let the music breathe"



THE TWELVE PINS HOTEL

Barna Village,
Co Galway
Tel: 091-592368
Fax: 091-592485

**Best of Luck to
FÉILE 2000
from the Twelve Pins Hotel**

Special Weekend Rate available
Lunch menu from 12 noon to 4pm
Restaurant open from 6.30pm

Our famous restaurant excels in
quality food specialising in lobster,
steak and succulent duck.

18 luxurious en-suite bedrooms with
phone, tv, etc.

A warm welcome awaits you.

Mairéad Ní Chonghaile — An Bhanríon Álainn



Féile

Banríon Álainn an Líonáin

20-24 Deireadh Fómhair, 8.30i.n.
Amharclann na Cathrach

I 1996, baineadh stangadh as lucht féachana na Gaillimhe nuair a cuireadh 'The Beauty Queen of Leenane' ar an stáitse don chéad uair ann. Ba é seo an chéad dráma le Martin McDonagh, ar as Leitir Mealláin i gConamara dá muintir. D'éirigh thar barr leis in Éirinn, i Londain agus ar Bhroadway, áit ar bhain léiriú an Druid trí ghradam Tony amach.

Anois tá an dráma ag filleadh ar a dhúchas. Tá deis ag na carachtair an comhrá a dhéanamh sa teanga is bumús don *patois* Béarla inar cumadh é. Is léiriú gairmiúil atá ann, an chéad uair d'Amharclann na Cathrach tabhairt faoina léitheide as Gaeilge.

Is é Micheál Ó Conghaile (*Conamara agus Árainn 1880 – 1980, Croch Suas É, An Fear a Phléasc*), bunaitheoir agus buanaitheoir Chló-IarChonnachta, a thug faoin leagan Gaeilge den dráma. Is ar Dhiarmuid de Faoite (*Na Fánaithe, Eureka, Ros na Rún, The Seagull*) a bheidh na cúraimí léiritheoireachta. Le seasamh i mbróga lucht na 'Tony's' ar stáitse — nó seans gur cosnacht a bheas siad — tá beirt bhan mhisniúla a bhfuil



Seán Ó Tarpaigh



aithne mhór orthu, Máire Stafford agus Maighréd Ní Chonghaile. Ina bhfochair siúd beidh réalta *Ros na Rún*, Seán Ó Tarpaigh agus Darach Mac Con Iomaire.

Téann dráma seo Mhic Dhonncha gar go maith do chnámh mhuintir Chonamara, ach ní dhéanann sé sin gan



tochas ar an gcnámh súgartha feisin. Is dúshlán mór é seo dóibh, ach deir siad go mbeidh an leagan seo 'níos géire, níos cruinne agus níos gaire den fhírinne' ná an ceann a chuaigh roimhe. Ní beag sin. Ach beidh neart agus dúthracht de dhíth leis an sprioc sin a aimsiú. Neosfaidh an aimsir.

Darach Mac Con Iomaire



Máire Stafford

Tá fios na gcéadta bliain go domhain i súile Máire Stafford. Shamhlódh duine gur iomaí saol atá feicthe aici. Dhá thréith iad an fios agus an taithe sin a mbeidh sí in ann tairbhe a bhaint astu agus í i bpáirt Mheag sa mBanríon Álainn.

Tá obair saoil déanta ag Máire san amharclann, ach ní bhfuair sí cárta 'equity' go dtí seacht mbliana ó shin. Agus is iomaí casadh a bhí ina saol féin. "Tá meascán aisteach ionam," a deir sí. "Rugadh sa Bhreatain Bheag mé, ach cailleadh m'athair go hóg agus bhog an chlann go Croydon. Blianta beaga ina dhiaidh sin cailleadh mo mháthair agus chuaigh mé chun cónaithe le haintín liom i gCorcaigh." Chas sí lena fear céile Seán Stafford i gConradh na Gaeilge i 1947 agus í ag glacadh páirte sa dráma Léim Luisne Fómhair a bhí á léiriú ag Seán Mooney ó Amharclann na Mainistreach. Ceithre bhliana ina dhiaidh sin phós siad. Tar éis tamaill tháinig siad chun cónaithe i nGaillimh. Tá beirt mhac agus iníon acu, duine acu siúd an t-aisteoir Maelíosa Stafford a bhfuil dlúthbhaint aige leis an Druid.

Rinne Máire a céad dráma sa Taibhdhearc i 1961 agus tá baint aici leis an áit ó shin i leith. "Is iad na páirteanna is mó a thaitin liom ná 'Big Maggie' a léirigh Frank Bailey, 'Moll' a léirigh Frank Dermody agus 'Bernarda Alba' a léirigh m'fhear céile Seán," ar sí. Níl na carachtair sin éagsúil le Meag sa mBanríon – an amhlaidh go mbíonn sí sna rólanna céanna go minic? "Ní hea," a deir sí, "ach taitníonn rólanna láidir agus bitseach liom!"

Chaith Máire uaireanta fada ag obair ar chúil an stáitse in imeacht na mblianta. Tá sí i mbun cultacha sa Taibhdhearc le fada agus tá an-tsuim aice i gcultacha stairiúla. Ach is leis an aisteoireacht is mó atá luí aici agus is dúshlán faoi leith di páirt Mheag. "Chonaic mé an dráma faoi dhó cheana agus is breá liom é. Tá drámaí Martin McDonagh an-bheo, léimeann na carachtair amach ón leathanach," a deir sí. Ach an mbeidh drogall roimpi tabhairt faoin bpáirt tar éis do Anna Manahan an oiread cáil a bhaint amach á dhéanamh? "Ní bheidh. Beidh muid ag cur 'slant' dár gcuid féin air. Tá Meag glic ach níl sí cliste, ní bhreathnaíonn sí ar na 'consequences' sula mbeartaíonn sí rud. Caithfidh mé sin a léiriú gan mórán gluaiseachta a dhéanamh ón gcathaoir luascach."

Is cinnte go gcabhróidh fios agus rún diamhair a cuid súl leis an léiriú sin a dhéanamh.


Marina Ní Dhubháin

'Dillusc'

Dé Domhnaigh 24ú, 4.00 i.n., Amharclann na Cathrach

Is í Marina Ní Dhubháin as Corca Dhuibhne údar an scannáin nuascríofa 'Dillusc'. Is scéal é seo faoi deilf a chuireann leigheas míorúlteach ar dhaoine atá tinn. 'Aor faoin dturasóireacht in Éirinn a bhí ar intinn agamsa,' a deir Marina, 'ach scéal grá idir beirt le máchail coirp a tháinig amach. Mheas mé gur scannán grinn a bheadh ann', a deir sí, 'ach nuair a chonacas an scannán críochnaithe, chaithfinn a rá go bhfuil sé ait seachas greannmhar'.

Léiríodh an scannán seo faoin scéim 'Oscailt' atá ag TG4 agus Bord Scannán na hÉireann. Tugann an scéim deis do scríbhneoirí óga scannán gearr a dhéanamh. Is dóigh le Marina go bhfuil sé an-tábhachtach deis a thabhairt do dhaoine scannáin ghearra a dhéanamh faoi scéimeana cosúil le 'Oscailt'. Tá an scannán gearr mar 'calling card' ag an té a dhéanann é, ar sí, chun dul ag plé le tionscnaimh eile ina dhiaidh. Ach an ndéanfadh sí a léithéid arís í féin? 'Ní dhéanfadh go deo. Tá an t-airgead ró-íseal sa tír seo le tionscnaimh don tsaghas seo a dhéanamh.



Cúrsaí Reatha,
Nuacht, Spórt,
Cláracha agus scoth
an Cheoil ó 0630 go
dtí 2300 gach lá den
bhliain FM 92.94
agus FM 102.7 ar
fud na tíre.

Raidió na Gaeltachta
OR FUD NA TÍRE
RTE



Marina Ní Dhubháin:
"N'fheadar an dtuigeann muintir na hÉireann aor níos mó"

Braitheann léiritheoirí an scannáin ar dhea-thoil ón fhoireann agus ó chairde, oibríonn daoine ar airgead íseal agus bíonn tú faoi chomaoin acu tar éis é a dhéanamh.'

Tá sé os cionn bliana anois ó d'fhág Marina RTÉ áit ar chaith sí sé bhliana ag obair ar chláracha Ecu!Ecu! Cúrsaí Ealaíne. Bhí sí ar dhuine de chomhscríbhneoirí An Focal Scoir, comhléiriú idir Éirinn agus an Fhrainc. 'Nuair a d'fhágas RTÉ mheas mé go dtógfadh sé ar a laghad dhá bhliain sula mbeadh aon ní le díol agam, ach cheana féin tá an scannán seo déanta agam agus tá mé ag forbairt script eile i láthair na huairé.'

Bíonn amhras ar gach scríbhneoir faoina scéal. 'N'fheadar an dtuigeann muintir na hÉireann aor níos mó,' a deir Marina, 'faigheann daoine comhchosantach, ní féidir leat faic a rá níos mó gan daoine a mhaslú. N'fheadar an dtuigfidh daoine mo chuid grinn in aon chor!'

Beidh an scannán le feiceáil ag Féile 2000, agus ag féilte scannáin ar fud an domhan ina dhiaidh sin. Is iad Helen Norton, Aidan Kelly, Diarmuid Mac an Adhastair agus Colm Ó Bric na príomhaisteoirí. Dearbhla Walshe an stiúrthóir.

Féile

Sundance

Theatr Bara Caws ón mBreatain Bheag

Sundance is teideal agus is údar don dráma, fear a chónaíonn i saol faoi rún; ina sheomra féin, áit a mbíonn sé i mbun cómhra le Dia, le gúna pósta a mháthair (í básaithe!) agus leis na fir shlándála san ollmhargadh áitiúil. Tá sé tógtha go mór le scannáin na mbuachaillí bó agus is tríthu sin a fhaigheann sé guth dá shaol ciaptha féin.

Seo léiriú ón ngrúpa amharclainne pobail 'Bara Caws' a bunaíodh i 1977 i gCaernarfon na Breataine Bige. Cé go bhfuil siad lonnaithe i Gwynedd, is minic leo a bheith fánaíocht ar fud na Breataine Bige ag cur drámaí Breatnaise ar siúl i hallaí áitiúla, ionaid pobail, scoileanna, pubanna agus clubanna. Tugann siad an amharclannaíocht do na ceantair siúd nach bhfaigheann an drámaíocht bheo rómhinic.

Is é Aled Jones Williams a chum an dráma 'Sundance', agus tá a thríú dhuais náisiúnta 'Eisteddfod' (nó Oireachtas na Breataine Bige) buaite aige siúd dá chuid drámaí. Is é Jonathan Nefsydd atá ag aisteoireacht sa dráma. I mbun an léirithe tá Ian Rowlands a thug cuairt go hÉireann go minic cheana, le drámaí ar nos 'Marriage of Convenience', leis an gcomplacht drámaíochta Theatr Y Byd.

Rud suimíúil faoin léiriú seo ná go mbeidh sé ar siúl tré Bhreatnais, ach aistriúchán comhuaineach Gaeilge ar fáil. Rud an-neamhghnáthach.



Jonathan Nefsydd: Cén Bhreatnais atá ar tomato soup?

The Stage Door

Barr an Chalaigh, Gaillimh ☎ 091 563418

Fáilte isteach
chuig an teach ósta is cóngaraí duit
tar éis oíche siamsaíochta
áit a mbeidh comhrá agus deoch ar
do shuaimhneas agat!

Ádh mór ar
Fhéile 2000!

Cúirt an Mheánoíche - Arís!

Amharclann na Mainistreach



Cé nach fada ó bhí dráma den teideal céanna ar an stáitse i nGaillimh, is leagan úrnua é seo leis an údar clúiteach Tom McIntyre, agus tá sé á léiriú ag Amharclann na Mainistreach.

Bliain go ham seo, bhain lucht na hamharclainne an-taitneamh as dráma McIntyre Caoineadh Art Uí Laoighaire a léirigh an Amharclann Náisiúnta chomh maith. An babhta seo is cóiriú físiúil, ceolmhar atá ar dhán mor – mórdhán? – Mherriman, scrúdú ar an ngrá agus an drúis, cumhacht na mban agus leochaileacht na bhfear óg. Ceiliúradh cruthaitheachta é freisin, amhrán an fhochoinsiasa.

Tá clár an-láidir go deo sa dráma seo. Páirteach tá Karen Ardif, Barry Barnes, Brendan Conroy, Lesley Conroy, Peadar Cox, Malachy McKenna, Bríd Ní Neachtain, Ríonach Ní Néill, Síle Nic Chonaonaigh, Niall Ó Sioradáin agus Tomás Ó Súilleabháin.

Is é an scríbhneoir agus an léiritheoir Michael Harding atá i mbun an léirithe seo, dearadh le Jo Taylor. Córeografaíocht le Finola Cronin. Ceol le Steve Wickham.



Imirt Chasta i nDeich gCoiscéim

Féile 2000

Deich gCoiscéim
Gearrscánán

Díoltas, dúnmharú agus an dlí is ábhar do scannán gearr eile ón scéim Oscailt a bheas le féiceáil ag Féile 2000. Scéal scáfar bleachtaireachta, scríofa agus stiúrtha ag Pearse Lehane. Ar thaobh amháin tá Rosco, cúntasóir óg atá tar éis a dheartháir céile a mharú le na dheirfiúr a fhuascailt. Ar an taobh eile tá an bleachtaire Porfiry a bhfuil cur amach maith ar an saol aige. Is cogadh intinne atá ar siúl eatarthu, ach cé a gheobhfaidh an ceann is fearr? Rud amháin duine a mharú a deir siad, ach rud eile ar fad na cosa a thabhairt leat. I bpáirt Phorfiry tá Garrett Keogh (Fair City, Wolfe Tone). Is é Colm Lydon (Aqua) atá i bpáirt Rosco. Sa scannán freisin tá Liam Heffernan (Glenroe, Amharclann De hÍde)



Amédée
Le Eugene Ionesco
Léirithe ag Aisling Ghéar

Tá an cháil ar mhór-roinn na hEorpa ar an dráma 'Amédée', le Eugene Ionesco, ó na caogaidí anuas. Scéal atá ann faoi bheirt a bhfuil rún mór millteanach eatarthu, an t-aon cheangal atá fágtha eatarthu, b'fhéidir. Pléascann an rún seo isteach ar chlár lom a saoil. Athraíonn sé an domhan ina bhfuil siad, go dtí go dtiteann an tóin as a saol. Dráma lán mistéir

agus greann dubh é agus dar leis an gcompántas ceann de na seiteanna is aistí i saol na drámaíochta. Dráma ar leith, lán d'iontais, é físiúil, propanna saoihiúla agus puipéid ann. Bríd Ó Gallchóir (Amharclann De hÍde) léiritheoir Amédée. Na haisteoirí: Nollaig Mac Aoidh a fheictear go minic ar árdán an Lyric i mBéal Feirste, Gearóid Ó Cairealláin, Máire Andrews agus Antoine Ó Doibhlín a ghlac páirt Pacaí Devlin i Lá Fhéile Mhíchúil le 'Aisling Ghéar'.

Tigh Taaffe

Sráid na Siopaí, Gaillimh. 091 564066

Buail isteach agus bain sult as an cheol traidisiúnta a bhíonn le cloisteáil ar feadh na bliana. Beidh togha an cheoil romhat, craic agus deoch.

Go n-éirí an bóthar le Féile 2000





Seolfar *Rinn na nGael*, téip le Níoclás Tóibín, amhránaí mór na Rinne, ina dhlúthdhiosca ag an Oireachtas sna Déise ag deireadh na míosa. Bhí **Éamonn Ó Bróithe** ag plé leis an togra do Chló Iar-Chonnachta, agus sheol an obair é siar bóithrín na smaointe agus bóithrín na héigse. Seo inseacht uaidh ar an aithne phearsanta a chuir sé ar Níoclás, cara ceoil agus oide leis.

Níoclás Tóibín

(1928-1994)



MÍ NA SAMHNA 1940, bhí Liam de Noraidh, bailitheoir le Coimisiún Bhéaloideas Éireann, sa Rinn ar thóir an tseancheoil. Thriall sé ar Philib Ó Foghlú, múinteoir scoile meánaosta ó Ghráig aí Bhurra i bParóiste Mhaighe Dheilge, fear a raibh stór as cuimse amhrán agus seanchais aige. Bhuail sé isteach sa seomra ranga chuige:

'Bhí garsún ar an scoil aige, Níoclás Tóibín, agus dh'iarr Pilib air 'Maidin Aoibhinn Fhómharmhar' a ghabháil dom. D'éirigh an garsún láithreach, gan scáth gan eagla, agus chan sé an t-amhrán go haoibhinn de ghuth binn agus ins an bhfíorshean-nós.

Do bhíos-sa maidin samhraidh ag gabháilt dom síos trí hInis an Chláir;

Mo gaidhrín liom ag ghluaiseacht ag uailfeart is mo ghunna im láimh.'

Dhá bhliain déag a bhí an garsún nuair a chuir Liam de Noraidh aithne air, ach bhí sé gar don leithchéad sula raibh d'ádh orm féin aithne a chur air. Is iomaí cor agus casadh a chonaic sé idir aois a dhá bhliain déag agus an leathchéad, seal ag obair ar muir, seal ar bhánta agus seal ar deoraíocht i Sacsuibh na Séad. Bhí craobh an Oireachtais buaite aige trí huair as a chéile, (1961-62-63), agus cáil ar a chuid amhránaíochta ó cheann ceann Éireann. Má bhí cáil níba mhó ar Sheosamh Ó hÉanaigh i gcéin, ba é Níoclás a ghnóthaigh ardmheas ghnáthmhuintir na tíre seo, mórchuid díobh gan aon chur amach ar an amhránaíocht Ghaelach agus gan aon sásamh acu ag éisteacht léi sa ngnáthshlí. Bhí dhá chéirínín bheaga déanta aige le Gael-Linn, agus fadchéirínín, rud a bhí ceannaithe agam féin, mé ar dhuine d'aos óg na linne sin a raibh tine ionam ag Seán Ó Riada, Planxty agus an Bothy Band.

Tráthnóna ciúin sa gclúid i dTigh Ósta Uí Mhuimhnigh sa Rinn, bhí triúr againn ag casadh ceoil gan mórán airde againn ar Níoclás ná ar an mbeirt nó triúr d'fhearabha a bhí i dteannta leis istigh ag caint agus ag tabhairt leathchluaise dúinn. Thosaigh Níoclás de léim ag canadh 'An Binsín Luachra' agus gheit mo chroí. An t-amhránaí ina shuí in aice na fuinneoige móire, Cruachán na nDéise, Suí Finn agus logán Shliabh gCua mar a bheadh stáitse taobh thiar de, gach siolla meáite, muimhneach greannta go cúramach ina bhéal agus á theilgean amach ar bharr an cheoil ba mhaorga, ba chruinne agus ab fhoirfe dár chuala le mo linn. Samhlaíodh dom go rabhas ag éisteacht le guth mo shinsear féin, agus gur ghairm dom féin a bhí ina ghuth cinn mo dhúchas Gaeil a athshealbhú, idir theanga, cheol agus sheanchas.

Sna blianta ina dhiaidh sin ní raibh aon stad orm ach ag dul chun na Rinne a mhinicí agus a d'fhéadfaínn, éirí croí orm nuair a shroichinn an cuan, agus suimhneas aigne agam ag siúl bhóithre ciúine na dúiche i bhfad ó chlampar na hardchatharach agus thar aon ní eile, cuideachta na bhfear uasal sin, Níoclás Tóibín, a

Níoclás Tóibín

Rinn na nGael

CICD 104 CD £12.99,


Caiséad £7.99

Teil: 091-593307

Faics: 091-593362

cic@iol.ie

<http://www.cic.ie>



Seo chugaibh Níoclás i mbarr a réime, é ag labhairt linn arís trí bhéal binn saoithe ár sean ó Phiaras Mac Gearailt, 'Ard-Sirriam Chúirt na mBurdún', anuas go Pádraig Ó Miléadha a bhí ag múineadh i gColáiste na Rinne le linn óige Níoclás féin, agus na saoithe fileata eile a bhfuil a n-ainmneacha agus a bhfaisnéis i mbéalaibh iata na seanóirí atá faoi shuan i gcré na nDéise ó Reilig Shan Níoclás go Buíchnoc na Sló. Nár fhuaraí cuimhne ort choíchin, a Níoclás, rí-amhránaí Éireann.

dheartháir Pádraig agus a gcairde Éamonn Mac Murchadha agus Seán Ó Ceannfhaola. Ní raibh trá riamh ar a bhfoighid ná a bhféile agus mise mar a bheadh peata coileáin ina ndiaidh ag alpadh gach siolla dá dtáinig óna mbéala, pé acu ag ceol nó ag comhrá a bhíodar.

Bhí Nioclás pas cuthail i gcomhluadar agus b'fhearr i bhfad a labhródh sé ach mé m'aonar leis. B'in í an uair a fuair mé léargas ar intinn uasal an fhir chiuin seo, 'Nioclás séimh ná dúirt riamh an focal míchuibhseach' mar a dúirt a sheanchara, Nioclás Mac Craith, lá a adhlactha. B'aoibhinn leis a bheith ag caint faoi na hamhráin agus an amhránaíocht. Ní raibh aon áireamh ar líon na n-amhrán a bhí aige. Ba thobar nach ndeachaigh i ndísc riamh a chuimhne cinn, agus gach amhrán acu ina shaothar ealaíne agus a cheacht staire araon. Ní raibh ort riamh iarraidh ar Nioclás an tarna huair amhrán a rá, ba chuma cá raibh sé nó conas mar a bhí aige.

"Neosfaidh mise scéal daoibh,
más é bhur dtoil liom éisteacht,
Ag tagairt dosna séimhfhir
atá sealad uainn ar fán"


Feicim arís é ar lár an urláir i dtigh ósta i nDurlas Éile, an áit dubh le daoine agus gach aon saghas clampaí agus corrabhuaise ar siúl acu a dhúiseodh na mairbh. Thosaigh Nioclás ag amhránaíocht agus scaip an tost uaidh i ngach treo cosúil leis an tonn nuair a chaitear cloch san uisce go dtí nach raibh le clos sa seomra ar fad ach ceol maorga Niocláis, eisean ina sheasamh suas díreach, dorn a chiteoige ar a chromán agus a dheasóg ag gearradh an aeir le brí phaiseanta gach focal dár dhúirt:

"Éireod fein go moch ar maidin
agus raghad don chlais ar saothar
Nó go Gleann na hUídhre mar a mbíodh na fearaibh,
is an cuaichín ar bharr géige"

I ndiaidh 1980, chuaigh mé chun cónaithe i gCois Fharraige agus ní raibh d'uain agam bualadh le Nioclás ná mo sheanchairde eile sa Rinn ach go hannamh. Ba i 1992 a chas mé le Nioclás don uair dheiridh, agus b'fhollas go raibh an tsláinte á thréigean. Chaitheamar an lá ag seanchas, díreach mar a dhéanaimís. Bhraitheas nach raibh aon rud eile ar domhan a thug an sásamh céanna dó ná a bheith ag caint faoi na hamhráin agus bhí anamúlacht agus brí fhir óig ina chuid cainte an lá sin. Sular fhág mé slán leis, luaigh mé go raibh an t-amhrán 'Éamonn Paor Bhaile Uí Gháigín' léite agam go minic ach nár chuala mé éinne á rá riamh. Ní raibh uaidh ach an leide, sheas sé suas ag féachaint tríd an bhfuinneog mhór tigh Áine Gough, na Comaraigh agus cluais orthu leis, agus thug sé uaidh an t-amhrán le fuinneamh agus binneas, an dreach tíre chéanna ar a chúl agus a bhí an chéad lá riamh a leag mé súil air



*"Éireod fein go moch ar maidin
agus raghad don chlais ar saothar
Nó go Gleann na hUídhre
mar a mbíodh na fearaibh,
is an cuaichín ar bharr géige"*




An Fhuinneog, a monthly window of opportunity for the learner, the improver and the native speaker who would like to read more in Irish, offers glossaries in English, excerpts from the best of Irish books, helpful tips and more.

Oscail *An Fhuinneog* agus féach isteach.

Concluding our series on Connemara placenames, **Tim Robinson** takes us on a tour of Carraroe's famous coral strand, to the house of painter

Camchuart Chonamara



Ar an gCeathrún Rua atáim, ag Trá an Dóilín, agus mé ag gluaiseacht faoin tír chuig áit a nglaohtar an Bóthar Buí air. Is ann atá an teach a thóg an t-ealaíontóir Charles Lamb (1893-1964) i 1935.

Stíl a bhí i Sasana le linn Charles Lamb atá ar an teach. Cruth polagánach atá air, blocaí eibhir ann, iad gearrtha go cruinn, agus iad ag luí le chéile go deas. Stiúraíodh Lamb scoil phéintéireachta anseo i rith an tsamhraidh. Bhíodh stiúdieotaobh thiar dá theach agus is ann a rinne sé an chuid is mó dá chuid péintéireachta.

Ba nós le muintir na háite 'Laimbín na Feasóige' a thabhairt ar an Uasal Charles Lamb ar mhaithe le spraoi, agus tá an

méid sin seo ar chuimhne agus ar bhéal na ndaoine.

Tá seantobar beannaithe san áit seo, ceathrú míle ón trá, ach é ligthe i ndearmad nach mór. Ba dheacair do mhuintir na háite é a aithint dom mar tá an féar á chlúdach leis na blianta fada. I ngarraí beag timpeall agus trí shlat isteach ón mbóthar atá sé. Tá poillín beag eile ann atá ocht n-orlaigh trasna agus naoi n-orlaigh ar doimhneas. Is ait an rud é sin mar tá sé chomh fada aníos ón bhfarraige.

Ón mBóthar Buí, síos liom chuig an gcósta ar Bhóthar an Dóilín chuig Céibh an Dóilín. 'Cuan beag' is brí le dóilín. Tá seanchéibh chloch ar an taobh eile den chamas seo ar a nglaohtar Céibhín na Mine. Ainmníodh í ón min Indiach a thug siad isteach ar an gCeathrún Rua aimsir an ghorta. Tá uaigh na mbochtán scaipthe sa gceantar seo, daoine a fuair bás agus iad ag fanacht leis an mhin. Tá Loch na gCaisle trasna o theach Charles Lamb, Cora na bPáistí gar do Loch an Mhuilinn ar theorainn theas Na Ceathrún Ruaidh.

AOILTA CAOINE
BAO UAINN
N SORTA MÓIR
A TÓIS AN LEAC SE

Charles Lamb, and to sites which echo famine, poitín-making, and the struggle between two legendary giants.

le Tim Robinson



Cuan an Fhir Mhóir, Leitir Mór agus Cnoc Mordán ó thuaidh

Tá dhá thobar bheannaithe ar an taobh thoir den Charraig Mhóir, díreach amach ó Chéibhin na Mine. Tá Crompán Chloch Chormaic le feiceáil ag Cuan an Fhir Mhóir. Deirtear gur cuid de chloch an chompáin é seo. Sa mbéaloideas deirtear gur chaith beirt fhathach an cromptán anonn agus anall le chéile go dtí gur bhris sé. Tá sé le tuiscint ón mbéaloideas go bhfuil an leath eile le feiceáil ar chladach Thír an Fhia. Glaotar 'Greatman's Bay' ar Cuan an Fhir Mhóir freisin. Tá Cuinneog an Fhir Mhóir ina poll mór ar chladach Thír an Fhia.

Glaotar Crompán na gCuracháí ar Chromptán Chloch Chormaic anois mar

cuirtí teara ar na curacháí ann fadó. Tá Crompán an Fhir Bháite céad caoga slat ó thuaidh. Báthadh fear anseo fadó agus is féidir an uaigh a aimsiú ag ceann an ghóilín. Díreach ina dhiaidh seo tá Crompán na mBád, áit a dtógtáí na báid. Agus ar deireadh, tá cillín arbhair timpeall agus caoga slat amach ó theorainn an bhaile.

Deir an tsuirbhéireacht ordanáis gur cillín aoil é seo a dtriomaítí an eorna air don phoitín fadó. Is gréasán ciorcalach cloch a bhíodh inti seo le spás beag don tine. Bhíodh an uisce te agus an deatach in ann a theacht amach ón oscailt seo. Bhí sé leathan ar a bharr, rud nach raibh an cillín aoil. Bhí claibín ann leis na géaga agus leis an tuí a leagan síos ann, díon tuí leis an mbáisteach a choinneáil uaidh.


Tá na cillíní seo le feiceáil i Leitir Mealláin, Leitir Móir na Coille agus sna háiteacha eile a mbíodh poitín á dhéanamh fadó. Sa tSuirbhéireacht Ordanáis (1898) deirtear gur cillíní aoil iad na cillíní arbhair. B'fhéidir gur mar gheall ar mhíthuiscint a dúradh e seo, nó b'fhéidir gur go stuama é.

Chugaibh sraith nua faoi logainmneacha na hÉireann. Bígí linn an mhí seo chugainn!

Le linn – at the time (of)
 Blocanaí eibhir – granite blocks
 Stiúraíodh – used to direct
 Seantobar beannaithe – a sacred old well
 Ligthe i ndearmad – forgotten
 Doimhneas – depth
 Cuan – bay
 Camas – a curving inlet
 Min Indiach – Indian meal

Aimsir an ghorta – at the time of the famine
 Uaigh na mbochtán – the grave(s) of the poor
 Teora theas – the southern border
 Crompán – raised land at the shore
 Béaloideas – folklore
 Cladach – shore
 Teara – tar
 Báthadh fear – a man was drowned

Aimsiú – to locate
 Cillín arbhair – a stone-structure to work grain on
 Aol – lime
 Claibín – a lid, opening
 Tuí – straw
 Díon – covering, roof
 Míthuiscint – misunderstanding
 Go stuama – wisely



SCIORRADH PINN

Each month, *Cuisle* brings you a moment from the best of Irish writing, with a generous glossary. If you're just discovering the world of Irish literature, we hope our choice will encourage you to continue your journey.

FICHE BLIAIN AG FÁS

Muiris Ó Súilleabháin

An Sagart

Is uaigneach an fhéachaint a bhí ag an oíche san am san, é bioranta fuar go maith agus gan tada le cloisint agam ach duga-go-dug ag an dtraen, agus anois is arís do bhíodh ceol sí á dhéanamh ag an ngaoith nuair a ritheadh sí isteach in aghaidh na bpánaí. Is fada ó bhaile a bhí mo smaointe ins an am san, comh fada siar leis an mBlascaod.



Cím anois na naomhóga siar go hard ar Charraig Bh'lach agus glug-glag ag na cuilithíní isteach ar a dtaobh. Cím cuid eile acu istigh i gcladach Oileán Búí agus cuid eile acu siar síos ar an Eireaball, na líonta sínte siar as a ndeireadh agus méarnáil ina dtimpeall. Cím anois an seanchriú — Seán Liam, Tadhg Ó Sé agus Tomás Ó Cearna — síos go hard ar an Eireaball, na líonta i bhfarraige acu agus iad ag comhchaint le chéile. Féach mar a bhuaileann siad a lámha ar a chéile chun iad féin a choimeád te. Cloisim cág-cág-cág ag na caobaigh ag ainliú san aer os cionn na líonta, agus féach mar a thugann siad fén méarnáil i leith is gur maicréal a bhíonn ann. Cím an rón anois agus gach srann aige siar ag deireadh na líonta, agus cloisim eascaine á chaitheamh leis ag Tadhg Ó Sé: Á mhuisse, dalladh agus caochadh ort, ní bheidh breac beo ins na líonta anocht againn aige. Cloisim anois gíoscán na maidí rámha ag na hiascáirí ag déanamh isteach fé dhéin an chalahd agus gan breac ar thóin na naomhóige acu. Cím ag dul isteach tríd an línn iad, gan fuaim le cloisint ach an glór uaigneach a dhéanann na cuilithíní beaga isteach trí scoilteacha na gcloch in am mhairbh na hoíche, madra ag sceamháil i bhfad i gcéin agus an baile go léir ina dtromshuan.

Duga-go-dug, duga-go-dug, ansan fead eile ag an dtraen.

Maidin lá thar na mháarach — the next morning:	Cím — feicim
Uaigneach — lonely	Ag comhchaint — answering each other
Bioranta — nippy	Coimeád — keep
Ceol sí — eerie music	Caobaigh — blackbacked gull
In aghaidh na bpánaí — against the window panes	Maicréal — mackerel
Fada ó bhaile — far away	Rón — seal
Naomhóga — traditional boats	Srann — grunt
Cuilithíní — ripples, little eddies	Eascaine — curse
Líonta — nets	Breac — iasc
Méarnáil — phosphorescence	Scoilteacha — cracks
	Sceamháil — yelping
	Ina dtromshuan — sound asleep



1 Tá cineálacha éagsúla bia ag dul i gcosúlacht le chéile le tamall anuas. Ginchóiríú ceann de na cúiseanna leis seo. Féachann an ginchóiríú le cineál amháin bia a chur chun cinn. Tá tuairimí láidre ann ar son an ghinchóirithe, agus tuairimí láidre ina aghaidh. Céard iad féin?

2 Feileann sé do na hinnill bhainte gan ach beagán cineálacha bia a bheith ann. Bíonn sé níos éasca aon chineál amháin a phacáistiú. Bíonn a fhios ag na hollmhargaí cé mhéad a gheobhas siad, cén uair, agus cén costas a bheas air. Bíonn sé éasca an leasú agus an fhialnimh chearta a chur orthu, rud a laghdaíonn an costas táirgíochta. Dá réir sin, beidh breis bia ar fáil dúinn, agus é ar fáil níos saoire. Má bhíonn fuíollach bia ann agus é saor, beifear in ann daoine a bheathú sna tíortha bochta. Sin cuid de na buntáistí a

This month Seosamh Mac Muirí, Sligoman and scholar, kicks off a new series on Irish surnames and tells us about Ó Conaire, Burke, Ó Grianna, Connolly, Davis, Henry and others. Write to Seosamh at Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe: he'll tell you on a wisp of evidence where your roots lie, and who you can count as family.

Cé gur maith le muintir na hÉireann an cruinneas, níor thug muid linn cruinneas ó thaobh sloinnte de. Fágadh Tomás Mac Criomhthainn (*An tOileánach*) faoi 'Ó', cé gur McCrohan an Béarla a bhí ar chuid dá mhuintir. Sa taobh ó thuaidh, d'athraigh Mag Fhionnghaile go dtí Mac Fhionnlaoidh, agus Mag Rianna go Mac Grianna agus le Ó Grianna. Ceann eile a casadh ab ea Mac Dhubbáin go dtí Mac Gabhann. Bhí Mac Dhubbáin faoi bhláth i dtuaisceart Thír Chonaill go luath sa mílaois seo.

Ó Conaire a bhí ar Phádraig (*M'Asal Beag Dubh, Deoraíocht*) cé gur Clann Con Raoi a bhí i gCois Fharrraige faoin seanreacht. Tá breis agus dhá scór sloinne in Éirinn ar an déanamh céanna le Mac Con Raoi, is é sin 'Mac Con + rud éigin eile'. Baineann siad le hUladh, le Connachta, le Tuaisceart na Mumhan agus le hiardheisceart Laighean. Seo cuid díobh:

- Mac Con Ghaola > Conneely agus Connolly
- Mac Con Shléibhe > Dunlevy i lár na tíre
- Mac Con Mhaic > Connick
- Mac Con na Bóille > Mc Nabola
- Mac Con Meadha > Mc Nama/Creamer (meadhg = whey)

INNOG

CNÁMH SPAIRNE

Teachers and learners will find CNÁMH SPAIRNE a likely corner to spark off some lively classroom debate. This month genetic modification provides food for thought.

An rud maith atá sa mbia ginchóirithe?

Thaifeann leis an nginchóiriú bia, dar leo síúd atá ar a shon. Buntáiste eile, más fíor, gur bia folláin atá sa mbia ginchóirithe de bhíri go bhfuil smacht ag an duine air. Daoine atá ar son an ghinchóirithe, síleann siad gur cuid den éabhlóid atá sa gcuid seo len stair. Is cuid é den smacht agus den mhaistreacht atá ag an duine ar an nádúr, agus dar leo gur feabhas atá ansin. Seans gur adhb mhórála atá anseo. An féidir leis an duine nó an ceart dó a bheith ina dhia beag?

Déarfadh daoine eile nach féidir agus nach ceart agus nach bhfuil bunús leis na hargóintí sin thuas ar son an ghinchóirithe. Déarfaidís gur bh é a mhalairt atá fíor, agus go bhfuil contúirt sa mbia ginchóirithe nach féidir a ríomh ná insint. Má chuirtear athrú ar ghinchóras na bplandaí agus na mbarr, ní heol dúinn cé sliocht a

bheas ar an obair. Má théann an ginchóiriú ó smacht, cá bhfios nach síolroidh plandaí nua nach mbeidh smacht ag an duine orthu, plandaí a scaipfidh galar nach bhfuil leigheas ag an duine air.

4 Daoine atá in aghaidh an ghinchóirithe, cuireann an éiginnteacht seo as dóibh go mór. Nuair a chuirtear an ghin chóirithe isteach sa bplanda, bíonn ar an bplanda glacadh leis. Bíonn baol ann go dtarlóidh trasphóru idir an planda ginchóirithe agus plandaí fiáine. Cá bhfios nach maróidh a leithéid sin na plandaí nár deindeadh tástáil orthu? Tá baol ann go gcuirfidh na plandaí ginchóirithe gach planda eile faoi chois. Ní dhéanfaidh an nádúr athnuachan air féin, agus ní bheidh fágtha ach rud a chruthaigh an duine.

- | | |
|---|---|
| 1 Dul i gcosúlacht – losing variety; Ginchóiriú – genetic modification; Cur chun cinn – promote. | infallible. |
| 2 Na hinnill bhainte – harvesters; pacaistíú – package; na holmhargaí – the supermarkets; leasú agus fialnimh – fertiliser and pesticide; costas táirgíochta – production cost; fuíollach bia – food surplus; beathú – to feed; ar son – in favour (of); folláin – healthy; smacht – control; éabhlóid – evolution; fadhb mhórála – a moral problem; dia beag – someone who thinks he or she is | 3 Bunús – basis; a mhalairt – the opposite; nach féidir a ríomh ná a insint – which can't be comprehended; ginchóras – the genetic structure; na bairr – the crops; sliocht – outcome, fallout; síolrú – germinate. |
| | 4 Éiginnteacht – uncertainty; an ghin chóirithe – the modified genetic component; trasphóru – transfertilisation; tástáil – screening, testing; athnuachan – regenerate; faoi chois – invade. |

Mac@nas.SMM

Tuigtear ar thoradh na gcrann uaisle na bpréamh ó bhfásann, gach géag mar an ghéag ó dtig, téid ar an tréad ó dtáinig.
(Is. RIA 23 M 17, 144)

Mac Con Fhormaol > Normoyle i dtuaisceart na Mumhan
Mac Con Uladh > Mc Cullagh (Collach = Boar)
Mac Con Carraige > Mc Carrick agus Rock.

Is beag duine anois den sloinne Cooke a d'aithneodh a shinsear faoin seanleagan, sin Mac Dhábhóg. Mc Cooge, Cooke agus eile a scríobhadh dóibh fadó.

Dábhóg de Búrca a sinsear de réir tuairisce amháin: 'In old Tyme verve great, nowe meane : Mac Cough, Mac Hubbert, Mac Davye, Mac Edmound, Mac Redmounde; all these Burks, and many more, but all holdinge of the Earle of Clanrickarde (by Service sayeth he) but Throughe Oppression, say they....' (Hardiman, J., [1846] 1978, 302)

Tá leideanna eile againn a bhéarfadh le fios go mb'fhéidir gur de mhuintir Uí Allmhuráin iad in Iar-Chonnachta. Tá an chuma ar an scéal, áfach, gur sloinne neamhbhuan é, ephemeral surname, ar an údar gur chlann mhac Dhábhóic Uí Allmhuráin cuid díobh sin atá

i gceist sa mbliain 1606: 'We Morrirtegh fytz Davocke O'Hallorane, Teige fytz Davocke O'Hallorane of Rynvilly in the county of Galway'.

Dabhac Ó hAllmhuráin ab ainm do mhac le Seonac Ó hAllmhuráin, an té a shínigh Leabhar Ionaí Chonnacht sa mbliain 1586. Is fearr glacadh leis gur Búrcaigh iad mar sin. Maireann seanleagan an tsloinne Mac Avock, in íochtar Mhaigh Eo go dtí an lá inniu. D'fhág na Búrcaigh flúirse sloimnte eile againn i Maigh Eo agus i nGaillimh.

Mac Dáibhíd(h) > Davis
Mac Éinrí > Henry
Mac Giobúin > Gibbons
Mac Niocláis > Mc Nicholas
Mac Oilibhéir > Oliver
Mac Philipín > Mc Philbin agus Plover
Mac Réamoinn > Redmond
Mac Riocaird > Rickard & Richardson
Mac Seoinín > Jennings
Mac Tiobóit > Tebott > (Tobin Mhaigh Eo?)
Mac Ualtair > Mc Qualter/Mc Walter
Mag Uilig > Mc Gillick > Gillick
Mag Uilliam > Magleeme > Wilson

Is spéisiúil gur ainmneacha pearsanta as teangacha iasachta a ghin gach ceann de shloimnte na mBúrcaigh thuas.

An mhí seo chugainn: Ó Scannláin, Hannon, Ó Neachtain, Ó Síocháin agus go leor eile . . .



AN BÉAL BEO

Antaine Ó Faracháin



Camas Binne

Amhrán é seo a chum file den sloinne Cathmhaoil a bhí ina chónaí i gCoilltibh Fanaid agus a fuair bás thart ar 1900, faoi long darb ainm an 'Sydney' a chuaigh go tonn poill ar an 16 Deireadh Fomhair 1870 ar chósta iardheisceart Dhúin na nGall, ag áit darb ainm Camas Binne, gar go leor go Gleann Cholm Cille. Sáidtear leagan den fhonn coitianta a ghabhann le 'Eanach Dhúin' leis. Is féidir éisteacht le hEanach Dhúin ar an gceirnín *An Spailpín Fánach*, (Seán 'ac Dhonncha, Cló IarChonnachta).

Deirtear go raibh an long ar an mbealach ó Quebec go hAlbain le lucht adhmaid ar bord nuair a chaill siad a mbealach. Shíl siad go raibh siad ag teacht isteach i mBeal na Clúide. Faoin am ar thuig siad go raibh siad imithe amú bhí sé ródheireanach.

In alt dar teideal 'The Valley of St. Colmcille' le Hugh Shields tá an cur síos seo a leanas ar sheanchas a bailíodh faoin eachtra:

"And they knew they were astray. . . . So the captain . . . threw the whiskey to them and told them drink up, that they were going to be lost. These two boys that were saved, they said that they wanted it badly all day and that they weren't going to drink; they weren't going before their God and them drunk. . . . So they didn't take any of the whiskey. And they tied them on a ladder. So the ladder came in anyway; they came in and they were washed up the side of the cliff. They came down there to a house in Beafan that night. And the next day . . . when the tide was out, there was nothing but timber and corpses floating about. There's three or four of them buried out in Port there."

Is féidir teacht ar uaigneanna na ndaoine seo i bPort go fóill, cé nach bhfuil aon chomhartha ach cúpla cloch os a gcionn lena marcáil. Deirtear gur bhailigh an sagart agus fir eile an t-adhmad ó na carraigreacha – "Tá muintir na háite seo . . ." – agus go bhfuil cuid den adhmad a bailíodh le feiceáil i seipéal na Carraige agus i seipéal Ghleann Chom Cille go dtí an lá atá inniu ann.

Tá an t-amhrán seo ar fáil faoin teideal 'Soitheach an Chamuis Mhóir' sa leabhar 'Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh' [Enrí Ó Muirgheasa, 1934 Lch. 183]. Tá roinnt taifeadtaí de sa Roinn Bhéaloideasa agus is cosúil gur thaifead Micheál Mac Giolla Easbuic, múinteoir as Cill Chárthaigh, amhráin srl. sa gceantar atá i gceist, 'Camus Binne' ina measc. Craoladh iad seo ar Raidió na Gaeltachta

ar shraith dar teideal "Ón tSeán-am Anall". Is é Seán Mac Guibhir as Gleann Cholm Cille is minice a chloistear dhá rá anois sa gceantar.

1

Bhí Camas Binne ag seinn ceoil daoibh
Is loingis faoi sheol ag teacht ann go dlúth;
Is iomaí áras is reilig ghranna
Ó sholas Árann 'un an Chladaigh Mhóir.
Shilfeadh tuataí ar mhéad a gcruaitean
Go gcoinneofaí suas iad ó gach áit sa domhan
Ach bhí gaoth 'niar-dtuaidh ann agus saoiisti cruaidhe
Nuair a buaileadh anuas iad ar an chamas mhór.

2

Mo thrí thruaighe an té a bhíos ar uaigneas
gan gaol, gualann ná bunadh, gan treoir,
Is mur' gcaillfí ach duine acu, ó Dhia, nár leor sin
'S gan a theacht i dtír ach beirt as scór?
Bhí mise lá fá mhíle den tráigh
Nuair a casadh orm deartháir an stócaigh óig;
Bhí sé ag cráifil fá chailleadh a dheartháir,
Is croidhe láidir nach silfeadh deor.

3

Bhí sé ag guí don Ard-Rí
Le himpí Mháire, Naomh Peadar is, dá n-abrainn, Pól
Is a choíche go brách ní bheidh a intinn sásta
Go bhfaighe sé a chnámha lena gcur ar ndóigh.
Má chionn tú choíche aon duine á bháthadh
Guígh don Ard-Rí lena thabhairt i dtír
Agus gheobhaidh tú pardún ó shíol Éabha agus Adhmha
Gaelach ná Gallda dá bhfuil ins an tír

4

Tá muintir na háite seo ag déan amh lámhaigh
Fán raic bheag ghranna sin a tháinig dá gcomhair;
Nach cloíte an cás é gur chaill siad a náire
'S gur de ghiota an adhmaid a rinneadh an ceol!
Ní raibh aird ar mhairnéalach, ar rí nó ar bháillí,
Nuair a tháinig sé chucu ón mhuir ar ndóigh,
Ach is iomaí áras agus reilig ghranna
Ó sholas Árann 'un an Chladaigh Mhóir.

Tá trí chóip den CD/téip *An Spailpín Fánach* le buachaint ach an cheist seo a fhreagairt:
Cén t-ainm áitiúil a bhí ar Sheán 'ac Dhonncha?

Freagraí chuig: Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe

Cló Iar-Chonnachta • Teil: 091-593307 • Faics: 091-593362 • cic@iol.ie

AN SPAILPÍN FÁNACH
TRADITIONAL SONGS FROM IRELAND



Seán 'ac Dhonncha



Keith Wood ar glastruathar

Corn Rugbaí Rugbaí an Domhain

BEIDH LUCHT LEANÚNA rugbaí sa tír seo ag faire go géar ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann le linn Chorn an Domhain. Sa trí chomórtas domhanda a imríodh go dtí seo, d'imir Éire ceithre chluiche, agus buaileadh iad sa mbabhta ceathrú-cheannais gach uair.

Céard faoi fhoireann agus seansanna na hÉireann i mbliana? Ghnóthaigh siad cluiche amháin i gcomórtas na gCúig Náisiún i Wembley i gcoinne na Breataine Bige cé gur thug siad 'taispeántaisí maithe' (leagan a chloistear rómhínic) sna cluichí eile. Ansin ar thuras chuig an Astráil ghnóthaigh siad cluiche amháin as ceithre chinn, cé nach dona a chruthaigh siad sa dá theist in aghaidh na Wallabies. Beidh Éire ag glacadh páirte i nGrúpa E den chomórtas i mí Dheireadh Fómhair, áit a n-imreoidh siad cluichí i gcoinne na Stát Aontaithe ar an dara lá, an Astráil ar an deichiú lá agus an Rómáin ar an gcúigiú lá déag. Beidh an trí chluiche sin ar siúl i mBóthar Lansdúin. Ba chóir go mbuailfidís na Stáit agus an Romáin ach ní bheadh mórán dóchais agam gur féidir linn na hAstrálaigh a

'Éire v An Fhrainc sa gcluiche ceathrú-cheannais', arsa GARRY MAC DONNCHA



bhuaileadh, fiú i mBaile Átha Cliath. Ach tosnóidh an scléip i ndiaidh chluichí na sraithe, mar tá níos mó foirne ag glacadh páirte i mbliana ná a bhí blianta eile, 20 foireann in áit 16. Ciallaíonn sé seo go bhfuil babhtaí cáilíochta ann do na cluiche ceathrú-cheannais agus aisteach go leor feileann sé sin d'fhoireann na hÉireann, mar ba chóir go gcríochnóidís sa dara háit i nGrúpa E rud a chiallaíonn go n-imreoidh siad an fhoireann is fearr a chríochnaíonn sa tríú háit as na ceithre ghrúpa eile. Má ghnóthaíonn siad an cluiche sin imreoidh siad buaiteoirí Ghrúpa C sa gcluiche ceathrú-cheannais, an Fhrainc i mBaile Átha Cliath. Mar sin de réir na tarraingte d'fhéadfadh foireann na hÉireann áit a bhaint amach sna cluichí leathcheannais don chéad uair riamh.

Ach beidh deireadh linn ansin mar beidh an NuaShéalainn ag fanacht orainn.

Leis an gcaoi a bhfuil an tarraingt déanta, agus má ghnóthaíonn na foirne mar a síltear is é an leagan amach a bheas ar na cluichí ceathrú-cheannais ná: An Bhreatain Bheag V An Astráil (Cardiff); An Afraic Theas V Sasana (Páras); An Nua Shéalainn V Albain (Murrayfield); An Fhrainc V Éire (Baile Átha Cliath).

Tá mé féin ag súil go mór leis an gcomórtas, agus má bhíonn sé chomh maith leis na cinn eile beidh an-spórt againn. An mbrisfidh aon duine curiarracht Grant Fox a d'aimsigh 126 pointe i 7 gcluiche i 1987? An mbeidh cluiche chomh maith leis an gcluiche leathcheannais i 1987 nuair a scóráil an Francach Serge Blanco úd iontach sa nóiméad deireanach a bhuaíl na hAstrálaigh? Cé a dhéanfas dearmad ar Nelson Mandela ag croitheadh lámha na n-imreoirí roimh an gcluiche ceannais i 1995 agus é gléasta i ngeansaí na hAfraice Theas, nó Jonah Lomu agus triúr Sasanach i ngreim air ar an líne?

We met former Welsh centre and British Lion **Ray Gravel** on the back of a motorbike in the Connemara Gaeltacht. Ray has fond memories of Wales' heyday in the seventies. During one game in Lansdowne, time running out, and Wales ten points ahead, Ray remembers a shout: 'Kick ahead Ireland, any fuckin' head!' Ray Gravel is a rugby commentator with the BBC, and describes the pre-World Cup excitement exclusively for *Cuisle*.

Wales for the Cup?

Come on Wales, come on Ireland, come on the world. The call has been answered and the Rugby World Cup is coming to our shores. In the coming weeks, we'll be enjoying one of the most exciting sports events of the millennium culminating in a Grand Finale that will be beamed via satellite to the four corners of the Globe, a cosmic happening that will capture the minds and imagination of people of all cultures.

So come to Wales, the host country, not only to see the thrills and spills of a rugby merry-go-round, but to enjoy a rollercoaster ride through this ancient land of ours. Some call it the 'Land of Song', and there'll be plenty of singing in the new Millennium Stadium thanks to modern technology. Those melodic Welsh voices will be captured in the swirling cauldron thanks to the new roof that invites the sun's rays onto the hallowed turf and controls rainfall.

But what of the rugby? No doubt the southern hemisphere boys will play a leading role as they have done since the inaugural World Cup of 1987, and of course the ebb and flow of the southern seas rugby player will again leave a lasting impression on us all, especially those at the receiving end of a bone crunching crash tackle.

Then of course we have our neighbours and friends the English, big men, stiff upper lips, always threatening. Old habits die hard, but beware the Celts for our time has come. The dragon is slowly awakening from a long and deep slumber, a swish of the tail and the breath of fire will once again lead us on to victory. The team have had a nine game unbeaten run and manager Graham Henry certainly gets the best from the best available. Cymru am Y Gwan! Yes, Wales for the Cup, because it is our stage.



Jonah Lomu


Super 12

Cé nach bhfuil an deighilt chomh mór agus a bhíodh, tá deighilt ann fós idir rugbaí na leathchrúinne theas agus na leathchrúinne thuaidh. Is é an Super 12 an fáth is mó leis seo. Ní féidir an comórtas sin a chur i gcomparáid le sraith Uile-Éireann na tíre seo ná fiú príomh-roinn rugbaí Shasana. Bíonn imreoirí den scoth ag imirt ar an dá fhoireann déag a ghlacann páirt sa Super 12, foirne a bhailfeadh an chuid is mó d'fhoirne idirnáisiúnta an domhain, Éirinn ina measc. Le linn an Super 12, bíonn cluichí ar chaighdeán idirnáisiúnta ag na himreoirí gach seachtain, rud nach dtarlaíonn sa leathchrúinne thuaidh go dtí comórtas na gCúig Náisiún.

Forbairt na Gaeltachta...

Forbairt chultúrtha, shóisialta agus thionsclaíochta na Gaeltachta - sin é cúram Údarás na Gaeltachta

Tá páirt duitse san obair thábhachtach seo!



Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh. Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101
ríomhphost: eolas@udaras.ie <http://www.udaras.ie>



Seo i n-Áth Chiaráin, áit chomordach cois tíre don tuismitheoir agus don pháiste. Tagann suas do chathaoir láir le bréach!

ÉIDE SCOILE - Maith nó Olc?

■ School uniforms have their advantages, as hardworking parents well know, but shouldn't education favour the child's individuality, rather than produce peas in a pod?

Maith nó olc, dubh ná bán, tá an scéal rud beag níos casta ná sin chomh fada agus a bhaineann leis an éide scoile. Tagann an páiste óg ar scoil lán d'iontas an tsaoil agus céard a dhéantar leis ach é a ghléasadh san éide chaighdeánach an chéad lá. Cuirtear a chuid tréithe féin faoi chois. Cuirtear tús leis an oideachas. An gá sin? An gá na páistí a bheith ar aon dul agus ar aon dealramh le chéile? Agus ceist is tábhachtaí ná sin, an gcuireann an éide éigeantach feabhas ar a chuid foghlama?

Tá buntáistí ag baint leis an éide scoile nach feidir a shéanadh. Laghdaíonn sé na fadhbanna a bhaineann le roghnú éadaigh sa bhaile. Deir go leor daoine gur rud practiciúil atá ansin, agus gur saoire an éide scoile ná rogha éadaigh a bheith á chaitheamh ag an bpáiste i rith na seachtaine.

Éide cuíosach foirmeálta a bhíonn san éide scoile níos minice ná a chéile. Ach nach ceart í a bheith compordach ar an gcéad dul síos? Nach bhféadfai t-léine a chaitheamh, cuir i gcás, seachas léine agus carabhat? Cinnte hí fhágfa an treabhsar maith ar na buachaillí, agus geansaí breá, agus iad ag rith agus

ag réabhadh ar an bpáirc peile.

Tá an dá thuairim ann faoin éide scoile, agus is dóigh go laghdaíonn sé an bhearna idir lucht an mhóráin agus lucht an bheagáin an éide chéanna a bheith ar a gclann. Ar an taobh eile den scéal, aicmeachas a bhí i gceist leis an éide scoile ar dtús, comhartha go raibh do pháiste sa scoil ab fhearr. Rinne scoileanna eile sodar i ndiaidh na n-uasal ionas gur gnás atá san éide scoile anois, seachas eisceacht. Agus bífeidir gur ceart a mheabhru do lucht na scoileanna Gaeilge gur nós gallda ó thús an éide scoile chéanna, cuid den saol rialta a ceapadh san am a raibh an impireacht i réim.

Pé scéal é, is cuid de chultúr na tíre seo an éide scoile anois agus le fada. Sin é rogha na dtuismitheoirí. Agus ós leosan an rogha, caifear géilleadh.



5 t-léine in aisce!

*Líon isteach na bearnaí, a pháistí, agus seol chugamsa sa gClúid, Cúisle, Casla, Co na Gaillimhe iad. Cuirfidh mé t-léine ar ais chugaibh!

Leabhar faoi na a fuair Nua.

Is mór leabhra é Rua.

Fuair Máirín leabhar sa leabharlann

Comhghairdeachas leis na páistí cliste ar fad a rinne crosfhocal Rua an mhí seo caite. T-léine in aisce daoibh! Caitriona Ní Chonchúir, Muine Bheag, Co Cheatharlach Caoimhe Ní Uiginn, Bóthar Uí Dhonnabháin, Doire Catherine Uí Mheacháin, Áth Cinn, Co na Gaillimhe Rónán Ó Seanán, Arda Thír Oileáin, Gaillimh Seán Seusamh Seoige, Baile na hAbhann, Co na Gaillimhe Darach Mhicil Ó Griofa, Leitir Móir, Co na Gaillimhe Éadaoin Ó Catháin, Páirc na Bóilge, Ceatharlach Deirdre Seoighe, Ros an Mhíl, Co na Gaillimhe. Pádraig Mháirtín Ó Súilleabháin, Cill Chairáin



Rua, Nua and Máirín live cosily in *An Chlúid*. Today is library day, but the three have

Rua sa Leabhar

Lá báistí a bhí ann sa mBaile Mór. Bhí Rua, Nua agus Máirín ag críochnú an lóin.

"Cá rachaidh muid tráthnóna?" arsa Nua.

"Síos chuig an leabharlann," arsa Rua

"An-phlean" arsa Máirín.

"Cuirfidh mise orm mo chóta agus mo hata," arsa Rua

"Teastóidh scáth fearthainne," arsa Máirín

"Caithfidh muid na seanleabhra a thabhairt ar ais," arsa Rua.

"Cé mhéad leabhar a bhí agatsa, a Nua?" arsa Máirín.

"Ó bhí go leor," arsa Nua.

"Trí chinn ab ea?" arsa Máirín.

"Is ea, trí chinn," arsa Nua, "agus ceann beag."

"Sin ceithre chinn," arsa Rua.

"Faigh iad go bhfeice muid," arsa Máirín.

Suas staighre le Nua gur chuardaigh sé na leabhra.

Nuair a tháinig sé anuas bhí Rua agus Máirín réitithe.

"Tá na leabhra agam," ar sé.

Thaispeáin Nua dhá leabhar do Rua agus Máirín.

"Cé mhéad leabhar é sin?" arsa Máirín

"Péire," arsa Nua, "an bhfuil tú dall?"

"Ach, a Nua, dúirt tú gur trí chinn a bhí agat . . ."

"Agus ceann beag," arsa Nua.


"Tá an scéal ina dhiabhal," arsa Rua.

Chuardaigh an triúr an Chlúid ó bhun go barr, agus ní fada go bhfuair siad an dá leabhar eile.

"Seo libh," arsa Nua, "déanaigí deifir. Beidh an bus ag imeacht."

Amach leo. Bhí sé fós ag báisteach agus na carrannaí ag scuabadh suas síos an bóthar.

Chuaigh siad chuig stad an bhus, agus is garr go raibh siad ar



Some trouble gathering up Nua's books.

leabharlann

bord. Nuair a tháinig siad chuig an leabharlann, bhuail Nua an cloigín agus sheas an bus.

Bhí ciú sa leabharlann agus muintir an bhaile ag lorg leabhra nua. Bhí an-aithne ar Rua sa leabharlann, mar is leon mór leabhra a bhí ann.

"Dia duit, a Rua," arsa bean na leabharlainne.

"Dia 's Muire duit," arsa Rua, "nach dona an aimsir í."

"Dia duit, a Rua," arsa fear na leabharlainne.

"Dia 's Muire duit," arsa Rua, "an-lá leabharlainne."

Chroch Rua a chóta mór, agus chuir sé air a chuid spéaclóirí. Chuaigh Nua ar thóir leabhair pictiúirí faoi na héisc. Leabhar Béarla a chuardaigh Máirín. Chas siad le chéile ar ball beag ag an deasc. Bhí dhá leabhar an duine acu.

"Leabhar pictiúirí faoi na héisc!" arsa Rua.

"Nach raibh sí sin agat an tseachtain seo caite?" arsa Máirín.

"Cén dochar?" arsa Nua.

"Cuirfidh muid na leabhra ar fad i mo mhála-sa," arsa Máirín.

Is gearr go raibh an triúr sa mbaile sa gClúid.

Chuir Máirín tine síos. Réitigh Rua an bainne te, agus ní fada go raibh siad ar fad te teolaí, torann na báistí ag bualadh ar an bhfuinneog, agus fead na gaoithe sa simléar. Bhreathnaigh Rua ina thimpeall.

"Cá bhfuil mo leabhar?" ar sé.

Bhí Nua ina luí cois tine agus leabhar Rua aige.

Bhí an leabhar bun os cionn aige .

"An maith leat an leabhar sin?" arsa Rua le Nua.

"Thar a bheith spéisiúil," arsa Nua go mall.

Bhreathnaigh Rua agus Máirín ar a chéile. Níor dhúirt ceachtar acu tada.

DJ.

(Ar lean an mhí seo chugainn)

Fómhar Léitheoireachta



Nod don Eolach

• Gasaitéar Eolaíochta • An Dr Matt Hussey

Iarracht is ea an leabhar seo ar chuntas a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh i gcúrsaí teicneolaíochta agus eolaíochta le blianta anuas.

Tá na hábhair seo chomh mór sin i gceist sa saol atá inniu ann gur chóir go mbeadh eolas agus tuiscint orthu ag gach uile dhuine. Ar an ngnáthléitheoir atá an leabhar seo dírithe go príomha ach beidh sé ina áis luachmhar ag lucht scoile agus teagaisc chomh maith.

Leabhar inlámhsithe is ea é. Leagan amach de réir na haibítire atá ar na hábhair agus ar na téamaí ann. Is iomaí sin léaráid, grianghraf, agus crostagairt, sa leabhar.

Uimhir Chatalóige GR1594 • ISBN 1-85791-103-2 £7.30



Páidín Mháire Mhuigín

Leabhar eile sa tsraith nótaíle d'athinsintí ar scéalta béaloidis (*Naomh Pádraig agus Crom Dubh, An Rógaire agus a Scáil, An Phéist Mhór*). Tríocha bliain d'aois a bhí Páidín Mháire Mhuigín nuair a chuaigh sé ar scoil an chéad lá!

Cuirfidh an scéal seo fonn gaire ar léitheoirí faoi bhun dhá bhliain déag d'aois agus cuirfidh an obair ealaíne faoi dhraíocht iad.

• Gabriel Rosenstock a scríobh. • Plet Sluis a mhaisigh.

Uimhir Chatalóige GR1595 • ISBN 1-85791-305-1 £4.75



Ar fáil saor in aisce ón nGúm! Catalóg Foclóirí

Téann focail le gaith ...
Ní théann muis! I bhfoclóirí
an Ghúim a théann siad – 31 díobh ar fad.

G AN GÚM

44 Sráid Uí Chonaill Uacht. Baile Átha Cliath 1
Teil: (01) 809 5034 Ríomhphost: gum@educ.irlgov.ie

Díolacháin tríd an bpost ó:
Teil: (01) 647 6835





Logainm nua ar
léarscáil na linne...

www.bnag.ie

...your link to the language

 **Bord na Gaeilge**

1850 325 325
eolas@bnag.ie